BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

27 Eanáir 2026 *

Clár

I. An dlí 4

A. Dlí idirnáisiúnta 4

1. An Coinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha 4

2. An Coinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 7

B. Dlí an Aontais 8

1. Cinneadh Réime 2004/757 8

2. Cinneadh 2021/3 9

3. Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais 12

II. Fíorais an cháis 12

III. Nós imeachta réamhdlíthíochta 14

IV. Imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais 15

V. An chaingean 15

A. Inghlacthacht 15

1. Argóintí na bpáirtithe 15

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais 16

B. Substaint an cháis 18

1. An dara hagóid, lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 3(2) CFAE 18

(a) Argóintí na bpáirtithe 18

* Teanga an cháis: an Ungáiris.

(b) Measúnú na Cúirte Breithiúnais 22

2. An chéad agóid, lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagail 1 agus 2 de Chinneadh 2021/3 agus ar an gceathrú mír d'Airteagal 288 CFAE 24

(a) An phléadáil neamhdhleathachta maidir le Cinneadh 2021/3 25

(1) Argóintí na bpáirtithe 25

(2) Measúnú na Cúirte Breithiúnais 26

(b) An sárú ar Airteagail 1 agus 2 de Chinneadh 2021/3 agus ar an gceathrú mír d'Airteagal 288 CFAE 29

(1) Argóintí na bpáirtithe 29

(2) Measúnú na Cúirte Breithiúnais 29

3. An tríú hagóid, sárú ar phrionsabal an chomhair dhílis, a ráthaítear le hAirteagal 4(3) CAE 30

(a) Argóintí na bpáirtithe 30

(b) Measúnú na Cúirte Breithiúnais 31

Costais 33

(Mainneachtain Stáit ina chuid oibleagáidí a chomhlíonadh – Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh – Inghlacthacht – Cinneadh (AE) 2021/3 – Seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, arna bhunú ag Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe, maidir le liostú cannabais agus substaintí gaolmhara sna sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna leasú leis an bPrótacal ó 1972, agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971 – Seasamh agus vóta Ballstáit atá ar neamhréir le seasamh an Aontais – Airteagal 4(3) CAE – Prionsabal an chomhair dhílis – Éifeachtaí an iompair líomhainte ar dháta dhul in éag na teorann ama a shocraítear sa tuairim réasúnaithe – Éifeachtaí leanúnacha ar aontacht agus comhsheasmhacht ghníomhaíocht idirnáisiúnta an Aontais – Airteagal 3(2) CFAE – Inniúlacht sheachtrach eisiach – Difear do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú – Pléadáil neamhdhleathachta arna hardú mar chosaint – Do-ghlacthacht)

I gCás C-271/23,

CAINGEAN mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 258 CFAE, a taisceadh an 27 Aibreán 2023,

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann L. Baumgart, M. Carpus-Carcea agus Zs. Teleki ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir,

v

an Ungáir, dá ndéanann M. Z. Fehér agus G. Koós ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, F. Biltgen, K. Jürimäe, L. Arastey Sahún, I. Ziemele, J. Passer agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dlísheomra, S. Rodin, D. Gratsias, M. Gavalec (Rapóirtéir), Z. Csehi agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: M. Siekierzyńska, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 15 Deireadh Fómhair 2024,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 27 Feabhra 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena iarratas, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt:

– a dhearbhú, ós rud é nár chloígh sí le seasamh an Aontais Eorpaigh le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le liostú cannabais agus substaintí gaolmhara a leasú, gur mhainnigh an Ungáir, ar an gcéad dul síos, sna hoibleagáidí atá uirthi de bhun Chinneadh (AE) 2021/3 ón gComhairle an 23 Samhain 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le liostú cannabais agus substaintí gaolmhara sna sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna leasú leis an bPrótacal ó 1972, agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971 (IO 2021 L 4, lch. 1), atá ceangailteach uirthi de bhun Airteagal 218(9) CFAE, arna léamh i gcomhar leis an gceathrú mír d'Airteagal 288 CFAE, ar an dara dul síos, gur sháraigh sí inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais dá bhforáiltear le hAirteagal 3(2) CFAE agus, ar an tríú dul síos, gur sháraigh sí prionsabal an chomhair dhílis arna chumhdach in Airteagal 4(3) CAE, agus

– a ordú don Ungáir na costais a íoc.

I. An dlí

A. Dlí idirnáisiúnta

1. An Coinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha

2 Sonraítear sa Choinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna leasú leis an bPrótacal ó 1972, lena leasaítear an Coinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna thabhairt i gcrích i Nua Eabhrach an 30 Márta 1961 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, iml. 520, Uimh. 7515), san ochtú haithris dá bhrollach:

‘Ós mian leo coinbhinsiún idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích a bheidh inghlactha do chách, a chuirfear in ionad fhormhór na gConarthaí reatha a bhaineann le drugaí támhshuanacha, lena gcuirfear teorainn le húsáid drugaí támhshuanacha do chríocha míochaine agus eolaíocha agus lena mbunófar comhar idirnáisiúnta buanseasmhach chun na prionsabail sin a chur chun feidhme agus na haidhmeanna sin a bhaint amach’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

3 Foráiltear le hAirteagal 1, dar teideal ‘Sainmhínithe’, den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, i mír 1:

‘Mura sonraítear a mhalairt go sainráite agus mura n-éilítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas maidir le gach foráil den Choinbhinsiún seo:

(a) Tagraíonn an téarma “Bord” don Bhord Idirnáisiúnta um Rialú Támhshuanach [(“BIRT”)].

[...]

(g) Tagraíonn an téarma “Coimisiún” don Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha de chuid Chomhairle [Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe (“an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha”)].

[...]

(j) Tagraíonn an téarma “druga támhshuanach” d’aon substaint i Sceidil I agus II, cibé acu an substaint nádúrtha nó shintéiseach atá i gceist.

[...]

(u) Leis na focail “Sceideal I”, “Sceideal II”, “Sceideal III” agus “Sceideal IV”, cuimsítear liostaí na ndrugaí támhshuanacha nó na n-ullmhóidí a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo agus a d’fhéadfaí a leasú ó am go chéile i gcomhréir le hAirteagal 3.

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Sonraítear in Airteagal 2, dar teideal ‘Substaintí faoi réir rialú’, den Choinbhinsiún sin:

‘(1) Seachas a mhéid a bhaineann le bearta rialaithe atá teoranta do dhrugaí támhshuanacha áirithe, cuirtear na drugaí támhshuanacha i Sceideal I faoi réir gach birt rialaithe is infheidhme maidir le substaintí dá dtagraítear sa Choinbhinsiún seo agus, go sonrach, faoi réir na mbeart dá bhforáiltear sna hAirteagail seo a leanas: 4(c), 19, 20, 21, 29, 30, 31, 32, 33, 34 agus 37.

[...]

(5) Áireofar na drugaí támhshuanacha atá i Sceideal IV freisin i Sceideal I agus cuirfear faoi réir gach birt rialaithe iad is infheidhme maidir le drugaí támhshuanacha an Sceidil sin, agus freisin:

(a) Ní mór do na Páirtithe gach beart rialaithe a ghlacadh a mheasann siad a bheith riachtanach mar gheall ar airíonna a mheasann siad a bheith an-chontúirteach atá ag na drugaí támhshuanacha atá i gceist; agus

(b) Ní mór do na Páirtithe, más rud é go bhfágann an staid ina dtír gurb é an bealach is éifeachtaí chun an tsláinte phoiblí a chosaint, toirmeasc a chur ar tháirgeadh, monarú, onnmhairiú agus allmhairiú, trádáil, seilbh nó úsáid drugaí den sórt sin, cé is moite de na cainníochtaí a d’fhéadfaí a mheas go bhfuil gá leo le haghaidh taighde míochaine agus eolaíoch amháin, lena n-áirítear trialacha cliniciúla leis na drugaí támhshuanacha sin, nach mór a dhéanamh faoi fhaireachán agus rialú díreach an Pháirtí sin nó a bheith faoi réir an fhaireacháin agus an rialaithe sin.

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 De réir Airteagal 3 den Choinbhinsiún sin, dar teideal ‘Leasuithe ar raon feidhme an rialaithe’:

‘1. Má tá faisnéis ag Páirtí nó ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte [(EDS)] a fhágann gur gá, ina thuairim nó ina tuairim, ceann amháin nó ceann eile de na Sceidil a leasú, cuirfidh sé nó sí fógra chuig an Ardrúnaí, agus an fhaisnéis go léir atá ábhartha mar thaca leis ag gabháil leis an bhfógra sin.

[...]

4. Má thugann [EDS] faoi deara nach bhféadfar mí-úsáid a bhaint as ullmhóid, mar gheall ar na substaintí atá inti, ná éifeachtaí díobhálacha a bheith aici (mír 3) agus nach éasca an druga támhshuanach atá inti a asbhaint, féadfaidh an [Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha], de réir mar a mholfaidh [EDS], an ullmhóid sin a chur le Sceideal III.

5. Má chinneann [EDS] go bhfuil dóchúlacht ar leith go mbainfear mí-úsáid as druga támhshuanach atá i Sceideal I agus go mbeidh éifeachtaí díobhálacha aici (mír 3), agus nach ndéantar an dainséar a chúiteamh le tairbhí teiripeacha suntasacha nach bhfuil ag substaintí nach iad atá i Sceideal IV, féadfaidh [an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha], i gcomhréir le moladh ó [EDS], an druga támhshuanach sin a chur le Sceideal IV.

6. I gcás ina mbaineann fógra le druga támhshuanach i Sceideal I nó i Sceideal II nó le hullmhóid i Sceideal III, féadfaidh an [Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha], cé is moite den ghníomh dá bhforáiltear le mír 5, de réir mar a mholfaidh [EDS], ceann amháin nó ceann eile de na Sceidil a leasú, is é sin:

(a) Trí dhruga támhshuanach a aistriú ó Sceideal I go Sceideal II nó ó Sceideal III go Sceideal I; nó

(b) Trí dhruga támhshuanach nó ullmhóid, de réir mar a bheidh, a scriosadh, ó Sceideal.

7. Cuirfidh an tArdrúnaí aon chinneadh ón [gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha] arna ghlacadh de bhun an Airteagail seo in iúl do gach Ballstát d'Eagraíocht na Náisiún Aontaithe [NA], do Stáit nach baill iad agus is Páirtí sa Choinbhinsiún seo iad, do [EDS] agus do [BIRT]. Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm maidir le gach Páirtí ar dháta faighte an fhógra thuasluaite, agus glacfaidh na páirtithe gach beart atá riachtanach faoin gCoinbhinsiún seo.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Sonraítear in Airteagal 8 den Choinbhinsiún sin, dar teideal 'Feidhmeanna [an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha]':

'Tá an [Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha] údaraithe chun gach ceist a bhfuil baint aici le haidhmeanna an Choinbhinsiúin seo a scrúdú, agus go sonrach:

(a) na sceidil a leasú i gcomhréir le hAirteagal 3;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 35, dar teideal 'Gáinneáil aindleathach a chomhrac', i bpointe (a):

'Agus aird chuí á tabhairt ar a gcórais bhunreachtúla, dlí agus riaracháin, áiritheoidh na Páirtithe:

(a) go ndéanfar comhordúchán na gníomhaíochta coiscthí agus pionósaí ar an leibhéal náisiúnta i gcoinne gáinneáil aindleathach; chuige sin, féadfaidh siad gníomhaireacht iomchuí a cheapadh le bheith freagrach as an gcomhordú sin'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Sonraítear in Airteagal 36, dar teideal 'Forálacha coiriúla', den Choinbhinsiún sin:

'1. (a) Faoi réir a fhorálacha bunreachtúla, glacfaidh gach Páirtí na bearta riachtanacha ionas go mbeidh saothrú agus táirgeadh, monarú, eastóscadh, ullmhú, sealbhú, tairiscint, cur ar díol, dáileadh, ceannach, díol, seachadadh, i gcáil ar bith, bróicéireacht, seoladh, seoladh idirthurais, iompar, allmhairiú, onnmhairiú drugaí támhshuanacha nach bhfuil i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo, nó aon ghníomh eile, i dtuairim an Pháirtí

sin, atá ar neamhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo, ina gcionta inphionóis i gcás ina ndéantar iad d'aon ghnó agus chun go mbeidh cionta tromchúiseacha faoi réir pionós iomchuí, go háirithe pianbhreitheanna príosúnachta nó pianbhreitheanna coimeádta eile.

[...]

2. Faoi réir fhorálacha bunreachtúla gach Páirtí, a chórais dlí agus a reachtaíochta náisiúnta,

(a) [...]
(ii) Beidh rannpháirtíocht d'aon ghnó in aon cheann de na cionta sin, comhcheilg nó iarracht chun ceann de na cionta sin a dhéanamh, chomh maith leis na gníomhartha ullmhúcháin agus na hoibríochtaí airgeadais arna ndéanamh d'aon ghnó, a bhaineann leis na cionta atá i gceist san Airteagal seo, ina sáruithe atá faoi réir na bpionós dá bhforáiltear i mír 1;

[...]

4. Beidh forálacha an Airteagail seo teoranta ó thaobh dlínse de le reachtaíocht choiriúil gach ceann de na Páirtithe.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

2. An Coinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha

9 Sa Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, arna thabhairt i gcrích i Vín an 21 Feabhra 1971 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, iml. 1019, lch. 175, 'an Coinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha'), sonraítear in Airteagal 1, dar teideal 'Gluais':

'Mura sonraítear a mhalairt go sainráite, nó mura n-éilítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, tuigtear na téarmaí thíos sa Choinbhinsiún seo mar seo a leanas:

[...]

(e) Ciallaíonn "substaint shíceatrópach" aon substaint, nádúrtha nó shintéiseach, nó aon táirge nádúrtha faoi Sceideal I, II, III nó IV.

[...]

(g) Leis na focail "Sceideal I", "Sceideal II", "Sceideal III" agus "Sceideal IV", cuimsítear liostaí na substaintí síceatrópacha a bhfuil na huimhreacha comhfhreagracha ag gabháil leo, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo, a fhéadfar a leasú, i gcomhréir le hAirteagal 2.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Leis an teideal 'Raon feidhme rialaithe na substaintí', foráiltear le hAirteagal 2 den Choinbhinsiún sin, *inter alia*, an nós imeachta atá le leanúint chun an tsubstaint a aistriú ó sceideal amháin go sceideal eile, nó chun í a scriosadh ó cheann de na sceidil.

B. Dlí an Aontais

1. Cinneadh Réime 2004/757

11 Le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí (IO 2004 L 335, lch. 8), arna leasú le Treoir (AE) 2017/2103 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 (IO 2017 L 305, lch. 12) ('Cinneadh Réime 2004/757'), leagtar amach, in aithris 3:

'Is gá rialacha íosta a ghlacadh maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann cionta na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí agus ar réamhtheachtaithe lena bhféadfar cur chuige comhchoiteann a shainiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála sin ar dhrugaí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Le hAirteagal 1(1) den Chinneadh Réime sin, sainmhínítear an coincheap 'druga' mar seo a leanas:

'(a) substaint a chumhdaítear faoin [gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha] nó faoin [gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha];

(b) aon cheann de na substaintí a liostaítear san Iarscríbhinn'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Sa Chinneadh Réime, in Airteagal 2 dar teideal 'Cionta a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí agus ar réamhtheachtaithe', foráiltear mar seo a leanas i mír 1:

'Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go ngearrfar pionós ar an iompar intinniúil seo a leanas nuair a dhéantar é gan cheart:

(a) táirgeadh, monarú, eastóscadh, ullmhú, tairiscint, cur ar díol, dáileadh, díol, seachadadh, i gcáil ar bith, bróicéireacht, seoladh, seoladh idirthurais, iompar, allmhairiú agus onnmhairiú drugaí;

(b) saothrú codlaidín, cóca nó planda cannabais;

(c) seilbh nó ceannach drugaí d'fhonn ceann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) a shaothrú;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Foráiltear le hAirteagal 4, dar teideal ‘Pionóis’, den Chinneadh Réime sin:

‘1. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a ghearradh i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3.

Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar uastéarma príosúnachta 1 bhliain go 3 bliana ar a laghad a ghearradh i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 2.

2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar uastéarma príosúnachta 5 bliana go 10 mbliana a ghearradh i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a), (b) agus (c), ar a laghad i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

(a) baineann an cion le cainníochtaí móra drugaí;

(b) baineann an cion le drugaí atá ar na cinn is díobhálaí don tsláinte nó bhí sé mar thoradh air go ndearnadh díobháil shuntasach do shláinte go leor daoine.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

2. Cinneadh 2021/3

15 Leagtar an méid seo a leanas amach in aithrisí 5, 7, 9, 11, 12, 21, 22 agus 32 de Chinneadh 2021/3:

‘(5) Bíonn iarmhairtí díreacha ag athruithe ar na Sceidil a ghabhann leis an [gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha] agus leis an [gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha] ar raon feidhme dhlí an Aontais i réimse an rialaithe drugaí. Tá feidhm ag [Cinneadh Réime 2004/757] maidir le substaintí a liostaítear sna Sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin. Dá thoradh sin, déantar aon athrú ar na Sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin a thabhairt isteach go díreach i gcomhrialacha an Aontais.

[…]

(7) Níl an tAontas ina pháirtí sa [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha] ná sa [Choinbhinsiún um Shubstaintí Síceatrópacha]. Tá stádas breathnóra nach bhfuil cearta vótála aige sa [Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha], ina bhfuil 12 Bhallstát ina mbaill a bhfuil ceart vótála acu le linn athghairm sa 63ú seisiún. Is gá do [Chomhairle an Aontais Eorpaigh], dá bhrí sin, údarú a thabhairt do na Ballstáit sin seasamh an Aontais a chur in iúl maidir le liostú substaintí sna sceidil a ghabhann leis an [gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha] agus leis an [gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha] ós rud é gur faoi inniúlacht an Aontais a thagann na cinntí maidir le liostú substaintí sna sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin.

[…]

(9) De réir an mheasúnaithe a rinne coiste saineolaithe EDS, níl dóchúlacht ar leith go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ag cannabas ná ag roisín cannabais atá cosúil leo siúd atá ag na substaintí eile atá i Sceideal IV den [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha]. Ina theannta sin, tugadh faoi deara go raibh leas teiripeach ag baint le hullmhóidí béil cannabais chun pian agus paiteolaíochtaí eile amhail titimeas nó spasmachas na matán i scléaróis iolrach a chóireáil.

[...]

(11) Ní fhágann an moladh seo go mbeidh aon athrú ar leibhéal rialaithe idirnáisiúnta cannabais nó roisín cannabais. Cuirtear san áireamh go cuí leis, an dul chun cinn san eolaíocht sa réimse seo ón gcéad uair a luadh cannabas agus roisín cannabais sa [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha]. D'fhéadfadh tairbhe a bheith i gceist dá mbainfí cannabas agus roisín cannabais ó Sceideal IV den [Coinbhinsiún maidir le Drugaí Támhshuanacha] ó thaobh tuiscint chomhchoiteann ar leas teiripeach agus aon éifeacht dhíobhálach atá ag cannabas.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas Eorpach seasamh a ghlacadh i bhfabhar cannabas agus roisín cannabais a scriosadh ó Sceideal IV den [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha].

[...]

(21) [...] féadfaidh an sainmhíniú ar an téarma "ullmhóid" atá sa [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha] a bheith infheidhme maidir le gach táirge a thagann faoin gcatagóir "eastóscáin agus tintiúir" cannabais mar "ullmhóidí" cannabais agus freisin, i gcás ina nglacfar leis an moladh ó choiste saineolaithe EDS dronnaibionól a aistriú go Sceideal I den [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha], mar "ullmhóidí" dronnaibionóil agus a steiré-isiméirí. Dá thoradh sin, mhol EDS [...] eastóscáin agus tintiúir cannabais a scriosadh ó Sceideal I den [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha].

(22) De réir na faisnéise atá curtha ar fáil ag EDT i ndiaidh an moladh sin a fhoilsiú agus de réir na hanailíse ar an tionchar atá ag an moladh sin a rinne [BIRT], ní chiallaíonn an moladh sin go mbeidh aon athrú ar leibhéal rialaithe idirnáisiúnta eastóscán agus tintiúr cannabais agus níor cheart go mbeadh aon tionchar aige ar oibleagáidí rialaithe nó dearbhaithe na mBallstát. Thairis sin, má scriostar na téarmaí "eastóscáin agus tintiúir" cannabais ó Sceideal I den [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha], bheadh cinnteacht níos fearr ann maidir le rialú díorthach gan tuaslagóir a úsáid ach trí theas agus brú a chur.

[...]

(32) Is iomchuí an staid atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den [Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha], a mhéid a bhaineann le leasuithe ar liostú cannabais agus substaintí gaolmhara, a chinneadh, ós rud é go bhfuil tionchar ag na cinntí maidir le liostú cannabais agus substaintí gaolmhara thuasluaite ar inneachar dhlí an Aontais go díreach, eadhon [Cinneadh Réime 2004/757].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Foráiltear le hAirteagal 1 den Chinneadh sin:

‘Tá an seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit, thar ceann an Aontais, le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha [...], a thionólfar an 2 go dtí an 4 Nollaig 2020, nuair a iarrfar ar an údarás sin cinntí a ghlacadh maidir le substaintí a chur leis na sceidil a ghabhann leis an [gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha], agus leis an [gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha], nó a bhaineann le scriosadh na substaintí atá cláraithe sna sceidil sin, i gcomhréir leis an seasamh a leagtar amach san iarscríbhinn leis an gCinneadh seo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 2 den Chinneadh sin:

‘Na Ballstáit atá ina mbaill den [Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha], cuirfidh siad in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

18 Tá an fhoclaíocht seo a leanas san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin:

‘Seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit atá ina mbaill den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha [...], ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais, le linn athghairm an 63ú seisiún den [Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha], a thionólfar ón 2 go dtí an 4 Nollaig 2020:

(1) cannabas agus roisín cannabais a scriosadh ó Sceideal IV den [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha] [...];;

(2) dronnaibionóil agus a steiré-isiméirí (deilte-9-teitrihidreacannaibionól) a chur le Sceideal I den [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha] agus, má ghlactar leis an moladh sin, iad a scriosadh ó Sceideal II den [Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha].

(3) teitrihidreacannaibionól (isiméirí deilte-9-teitrihidreacannaibionól) a chur le Sceideal I leis an [gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha] – faoi réir ghlacadh an mholta chun dronnaibionól agus a steiré-isiméirí (deilte-9-teitrihidreacannaibionól) a chur le Sceideal I den [Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha] – agus, má ghlactar an moladh sin, é a scriosadh ó Sceideal I den [Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha];

(4) na téarmaí “eastóscáin agus tintiúir” a scriosadh ó Sceideal I den [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha] [...];

(5) gan an fonóta seo a leanas a chur leis an iontráil maidir le cannabas agus roisín cannabais i Sceideal I den [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha]: “Ní chuirfear ullmhóidí ina bhfuil, go príomha, cannaibidhé-ól agus 0.2 céatadán de dheilte-9-teitrihidreacannaibionól ar a mhéid faoi rialú idirnáisiúnta.”;

(6) gan ullmhóidí arna dtáirgeadh trí shintéis cheimiceach nó ó channabas a chur le Sceideal III den [Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha], a gcuirtear comhábhar amháin nó níos mó leo chun ullmhóidí cógasaíochta a dhéanamh nach féidir deilte-9-teitrihidreacannaibionól (dronnaibionól) a bhaint astu trí bhealaí atá inrochtana go héasca nó le táirgeacht leordhóthanach chun bheith mar riosca don tsláinte phoiblí.

Ar mhaithe le comhleanúnachas an liostaithe sna Sceidil agus chun an riosca a sheachaint go liostófar ceann de na substaintí sin i Sceidil an [Choinbhinsiúin aonair um Dhrugaí Támhshuanacha] agus sa [Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha], féadfaidh na Ballstáit atá ina mbaill den [Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha] glacadh le vótáil chomhchoiteann ar an moltaí lena mbaineann.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

3. Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais

19 Le hAirteagal 160 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, dar teideal 'Iarratas ar oibriú a chur ar fionraí nó ar bhearta idirlinne', foráiltear i mír 1:

'Ní bheidh iarratas ar oibriú aon bhirt arna ghlacadh ag institiúid a chur ar fionraí, a dhéanfar de bhun Airteagail 278 CFAE nó 157 CCEFA, inghlactha mura mbeidh agóid déanta ag an iarratasóir i gcoinne an bhirt sin i gcaingean os comhair na Cúirte.'

II. Fíorais an cháis

20 An 24 Eanáir 2019, rinne EDS sé mholadh, uimhrithe ó 5.1 go 5.6 ('moltaí EDS'), chun aicmiú cannabais agus na substaintí gaolmhara a athrú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha (le chéile, 'an dá choinbhinsiún atá i gceist').

21 Ag gabháil mar iarscríbhinn le gach ceann den dá choinbhinsiúin sin, tá ceithre sceideal, uimhrithe ó I go IV, ina bhfuil liostaí, faoi seach, de na drugaí támhshuanacha nó de na hullmhóidí ina bhfuil na drugaí sin agus de shubstaintí síceatrópacha.

22 Ba é an cuspóir a bhí le moltaí EDS, ar thaobh amháin, a chinntiú go gcuirfear na substaintí lena mbaineann faoin rialú idirnáisiúnta is iomchuí dá bhforáiltear sa dá choinbhinsiún atá i gceist, i bhfianaise staid reatha an eolais eolaíoch agus míochaine, mar aon le cleachtais riaracháin, agus, ar an taobh eile, infhaighteacht, taighde agus forbairt ullmhóidí ina bhfuil substaintí gaolmhara le cannabas chun críoch míochaine a áirithiú.

23 Rinneadh díospóireacht ar na moltaí sin le linn an cheathrú agus an chúigiú cruinniú idirsheisiúnach den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a tionóladh an 24 Meitheamh agus an 23 Meán Fómhair 2019. Tá an Coimisiún sin, a bhfuil a fheidhmeanna agus a chumhachtaí *inter alia* sainithe sa dá choinbhinsiún atá i gceist, inniúil chun na Sceidil a ghabhann leis an dá Choinbhinsiún sin a leasú ar bhonn moltaí EDS, a ghníomhaíonn i gcomhréir le moltaí a choiste saineolaithe ar spleáchas ar dhrugaí.

24 Tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha comhdhéanta de 53 Stát atá ina mbaill de na Náisiúin Aontaithe agus a roghnaíonn Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe iad. I mí na Nollag 2020, bhí 12 Bhallstát den Aontas, lena n-áirítear an Ungáir, ina mbaill a raibh cearta vótála acu sa Choimisiún sin, ós rud é go bhfuil gach Ballstát den Aontas ina pháirtí sa dá choinbhinsiún atá i gceist. Maidir leis an Aontas, tá stádas mar bhreathnóir aige laistigh den Choimisiún sin.

25 Le linn na gcruinnithe dá dtagraítear i mír 23 den bhreithiúnas seo, thug BIRT agus Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC) soiléiriú agus rinne siad measúnú ar thionchar na moltaí ó EDS.

26 Ina theannta sin, tar éis a chinneadh, i mí an Mhárta 2020, an vóta ar mholtaí EDS a chur siar, d'eagraigh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha trí dhíospóireacht théamacha idir mí an Mheithimh agus mí Dheireadh Fómhair 2020, agus cruinniú idirsheisiúnach an 8 Deireadh Fómhair 2020 a bhí oscailte do na páirtithe leasmhara go léir, ina ndearnadh achoimre ar thorthaí na bpléití roimhe sin.

27 Cuireadh an vóta maidir leis na moltaí sin leis an gclár a bhí ag gabháil le hathghairm an 63ú gnáthsheisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ón 2 go dtí an 4 Nollaig 2020.

28 Chuige sin, rinne ionadaithe na mBallstát roinnt díospóireachtaí ar mholtaí EDS laistigh den ghrúpa cothrománach 'Drugaí' de chuid na Comhairle. Rinne an Lárionaid Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA), ar cuireadh an Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) ina ionad ó shin, meastóireacht freisin ar thionchar na moltaí sin,

29 Ghlac an Coimisiún, an 16 Deireadh Fómhair 2020, togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, le linn an athghairm an 63ú gnáthsheisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le liostú substaintí sna sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú leis an bPrótacal ó 1972, agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971 [COM(2020) 659 final/2].

30 Rinne an grúpa cothrománach 'Drugaí' sa Chomhairle scrúdú ar an togra sin, agus vótáil an Chomhairle é trí nós imeachta i scríbhinn an 23 Samhain 2020. Ghlac an Chomhairle Cinneadh 2021/3 trí thromlach cáilithe, i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 218(9) CFAE. An tráth sin, vótáil an Ungáir i gcoinne an togra sin agus staon Poblacht na Bulgáire ón vóta. Díríodh an Cinneadh sin ar na Ballstáit go léir.

31 De bhun Airteagail 1 agus 2 de Chinneadh 2021/3, bhí na 12 Bhallstát atá mar bhaill den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais agus chun a leasa, le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, chun an seasamh a chuirtear in iúl in iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin a chur in iúl. Freagraíonn pointí 1 go 6 den iarscríbhinn leis an gCinneadh sin do mholtaí EDS.

32 An 2 Nollaig 2020, reáchtáladh vóta ar mholtaí EDS laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha. Diúltaíodh do mholtaí 5.2 go 5.6 ó EDS. Os a choinne sin, glacadh moladh 5.1 ó EDS ('Moladh 5.1') leis an tromlach íosta atá riachtanach (27 vóta ar son, 25 vóta in aghaidh agus 1 staonadh). Bhí an moladh sin dírithe ar channabas agus roisín cannabais a bhaint de Sceideal IV den Coinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ina bhfuil liosta de na substaintí is dainséirí nach bhfuil úsáid mhíochaine acu. Maidir le Moladh 5.4 ó EDS ('Moladh 5.4'), bhí sé beartaithe chun na téarmaí 'eastóscáin agus tintiúir' a scriosadh ó Sceideal I den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

33 Vótáil an Ungáir i gcoinne Mholtaí 5.1 agus 5.4. Thairis sin, dhearbhaigh sí, laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, go méadódh glacadh mholtaí EDS úsáid cannabais, a bhí ag méadú cheana, agus go mbeadh cur isteach gan chúis i mbeartais náisiúnta i gceist leis.

III. Nós imeachta réamhdlíthíochta

34 Agus é den tuairim go raibh vóta na hUngáire agus an seasamh a ghlac sí laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ina shárú ar na hoibleagáidí atá uirthi de bhun Chinneadh 2021/3, ach freisin Airteagal 3(2) CFAE agus prionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) CAE, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chuig an Ungáir an 18 Feabhra 2021.

35 Ina freagra an 19 Aibreán 2021, mheabhraigh an Ungáir go raibh forchoimeádais eisithe aici cheana maidir le moltaí EDS le linn an nós imeachta chun Cinneadh 2021/3 a ghlacadh, a d'fhág gur vótáil sí i gcoinne an chinnidh dheireanaigh sin. Dar léi go dtabharfaí teachtaireacht mhícheart don phobal le Moladh 5.1 go ndearnadh rómheastachán ar na rioscaí sóisialta agus ar na rioscaí do shláinte an phobail, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar an treocht atá ag méadú cheana de thomhaltas cannabais.

36 Maidir le Moladh 5.4, dar leis an Ungáir gur laghdaigh sé leibhéal na rialuithe idirnáisiúnta ar eastóscáin agus túslagáin cannabais nach bhfuil teitrihidreacannaibionól ('THC') iontu, d'ainneoin na rioscaí sóisialta agus na rioscaí don tsláinte phoiblí a bhaineann lena dtomhaltas.

37 Ba é an rún a bhí ag an Ungáir, trí chur in aghaidh an mholta sin, an leibhéal rialaithe náisiúnta le haghaidh eastóscáin cannabais agus tuaslagáin nach bhfuil THC iontu a choimeád gan athrú. Dar leis an mBallstát sin, níor chuir EDS agus a chomhlachtaí is comhpháirtithe fianaise eolaíoch chinntitheach ar fáil nach raibh cannabas chomh díobhálach don tsláinte agus mar a glacadh leis roimhe seo. D'fhéadfadh substaintí eile a bhfuil éifeachtaí síceatrópacha acu a bheith sna heastóscáin sin nó sna túslagáin sin nó d'fhéadfaí iad a úsáid mar réamhtheachtaithe. Ar deireadh, le moltaí EDS, ní chuirtear chun cinn úsáid mhíochaine cannabais. Seachas sin, is é an cuspóir atá leo taighde a dhéanamh maidir le húsáid den sórt sin, nach níl na moltaí sin de chineál gur féidir an cuspóir sin a bhaint amach.

38 Ós rud é nach ndeachaigh na hargóintí a d'ardaigh Rialtas na hUngáire i bhfeidhm air, d'eisigh an Coimisiún tuairim réasúnaithe an 12 Samhain 2021. Sa tuairim réasúnaithe sin, ar an gcéad dul síos, luadh na cúiseanna nár lean an Ungáir an seasamh a ghlac an Chomhairle, i bhfianaise chineál ceangailteach chinneadh 2021/3. Ar an dara dul síos, d'áitigh an Coimisiún go ndearna an Ungáir sárú ar Airteagal 3(2) CFAE, ós rud é gur bhain gníomhaíocht an Bhallstáit sin le réimse ina bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas. Ar an tríú dul síos, rinne an Ungáir sárú ar an dualgas comhair dhílis a chumhdaítear le hAirteagal 4(3) CAE, *a fortiori* de bhrí gur lagaigh cineál neamhfhógartha ghníomh an Bhallstáit sin seasamh an Aontais tuilleadh fós laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha. I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún a chuid ábhar imní in iúl maidir leis an dóchúlacht go nglacfadh an Ungáir iompar comhchosúil sa todhchaí in imthosca comhchosúla.

39 D'fhreagair an Ungáir an tuairim réasúnaithe an 11 Eanáir 2022, agus í ag cloí leis an seasamh a mheasann sí go bhfuil bunús leis i bhfianaise cúinsí beartais sláinte, ach beartais shóisialta freisin. Ag tagairt do shuirbhé náisiúnta, chuir sí a himní in iúl maidir leis an méadú ar thomhaltas cannabais agus chuir sí béim ar a tiomantas andúil i ndrugaí a laghdú. Thug an Ungáir faoi deara freisin cineál sonrach an cháis seo trí bhéim a leagan ar ábharthacht agus ar thábhacht a mínithe maidir leis an vóta laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha. Chomh maith leis sin, chuir sí i gcoinne na tuairime go bhféadfadh sí iompar comhchosúil a ghlacadh sa todhchaí in imthosca comhchosúla.

IV. Imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

40 De bharr nach ndeachaigh na hargóintí arna ndéanamh ag an Ungáir i bhfeidhm air fós, chinn an Coimisiún, an 15 Feabhra 2023, caingean a thabhairt os comhair na Cúirte chun a chinneadh gur mhainnigh an Ballstát sin ina oibleagáidí faoi dhlí an Aontais, trí shárú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar sheasamh an Aontais arna bhunú le Cinneadh 2021/3, ar an dara dul síos, ar inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, arna sainiú le hAirteagal 3(2) CFAE agus, ar an tríú dul síos, ar phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) CAE. Iarrann an Coimisiún freisin go n-ordófar don Ungáir na costais a íoc.

41 Iarrann an Ungáir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith do-ghlactha, a mhéid nach bhfuil sí i gcomhréir le hAirteagal 258 CFAE ná le prionsabal an chomhair dhílis dá bhforáiltear in Airteagal 4(3) CAE;

– mar mhalairt air sin, go ndiúltófar don chaingean toisc í a bheith gan bhunús, agus

– in aon chás, ordú a thabhairt don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

V. An chaingean

A. Inghlacthacht

1. Argóintí na bpáirtithe

42 Rinne na Ungáir agóid i gcoinne inghlacthacht na caingne seo. Dar léi nár shonraigh an Coimisiún, sa litir fógra fhoirmiúil ná sa tuairim réasúnaithe cén t-iompar a bhí le glacadh ag an Ungáir chun deireadh a chur leis an sárú a chuirtear ina leith. Thairis sin, níl beart ar bith ann a chuirfeadh ar chumas na hUngáire an oibleagáid a chomhlíonadh, ar oibleagáid nach mór di a chomhlíonadh, dar leis an gCoimisiún, de bhun dhlí an Aontais, ós rud é gur léir nach féidir an vóta a rinne sí a leasú. Is léir ó bhreithiúnais an 7 Aibreán 2011, *an Coimisiún* v *an Phortaingéil* (C-20/09, EU:C:2011:214, mír 41) agus an 25 Deireadh Fómhair 2011, *an Ghearmáin* v *an Coimisiún* (C-276/99, EU:C:2001:576, mír 24) gurb é an cuspóir leis an nós imeachta mainneachtana athrú ar iompar an Bhallstáit lena mbaineann na himeachtaí a spreagadh.

43 Níor léirigh an Coimisiún ach an oiread go raibh fíoréifeachtaí inbhraite ag iompar na hUngáire, a théann níos faide ná an próiseas cinnteoireachta atá faoi chonspóid agus lena gcuirtear isteach ar aontacht agus ar chomhsheasmhacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

44 Thairis sin, níl in argóint an Choimisiún go bhfuil ‘dóchúlacht go nglacfaidh an Ungáir iompar comhchosúil in imthosca comhchosúla sa todhchaí’ ach barúil. Go deimhin, tá dlúthbhaint idir an nós imeachta a leanann Ballstát i gcás faoi leith agus an cás sin, mar aon leis na leasanna atá i gceist. Mar sin, ní fhéadfaí seasamh Ballstáit le linn caibidlíochtaí idirnáisiúnta a chinneadh leis an mbealach inar ghníomhaigh sé roimhe sin i gcás faoi leith. D’fhéadfaí a shamhlú, áfach, nuair a bheidh air seasamh a ghlacadh as an nua ar cheist faoi leith, go nglacfaidh an Ballstát lena mbaineann an cinneadh céanna, más gá sin d’fhonn leas bunriachtanach an Bhallstáit sin a chosaint, ach go gcloífidh sé go hiomlán le treoracha an Aontais a mhéid a bhaineann le gach leasú eile.

45 Thairis sin, fiú dá mba rud é go raibh tionchar ag iompar na hUngáire ar aontacht nó ar chomhsheasmhacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a théann níos faide ná an díospóid seo, níor léirigh an Coimisiún conas a d'fhéadfadh an chaingean le haghaidh mainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh a thug sé i gcoinne na hUngáire réiteach a thabhairt ar an méid sin.

46 Ar deireadh, chuir an Ungáir a heasaontas in iúl roimh ghlacadh chinneadh 2021/3 agus ní raibh aon bhealach aici chun cur ina choinne, seachas trí imeacht ón seasamh a léirítear san iarscríbhinn le Cinneadh 2021/3 le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

47 Áitíonn an Coimisiún gur cheart diúltú don phléadáil neamhdhleathachta ón Ungáir, bunaithe go príomha ar bhreithiúnas an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin* (C-620/16, EU:C:2019:256, míreanna 45 go 52 agus 57).

48 Luann an Coimisiún freisin go bhfuil sé an-bhuartha faoi ráiteas na hUngáire nach bhfuil aon rud le tuiscint, maidir leis an dearcadh a bheidh aici sa todhchaí, ón iompar a bhí aici le linn an vóta laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha. Dá réir sin, tugann an Ungáir le tuiscint nach gá go bhfuil sé i gceist aici cloí le seasamh an Aontais faoi mar a leagtar síos i gcinntí na Comhairle ach go bhfuil sé i gceist aici, seachas sin, a seasamh a shocrú ar bhonn cás ar chás. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Ungáir a dhearbhú go bailí nach raibh a hiompar mí-chuí ó thaobh dhlí an Aontais de nó nach raibh iarmhairtí aige don Aontas.

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais

49 Tá an phléadáil neamhdhleathachta a d'ardaigh an Ungáir bunaithe, go bunúsach, ar cheithre argóint nach mór a scrúdú ceann i ndiaidh a chéile.

50 Ar an gcéad dul síos, cuireann an Ungáir i leith an Choimisiúin nár shonraigh sé cén t-iompar ba cheart di a ghlacadh chun deireadh a chur leis an sárú a chuirtear ina coinne.

51 Ní fhéadfaí a cheangal ar an gCoimisiún, áfach, a lua sa tuairim réasúnaithe na bearta lena gcuirtear ar a chumas deireadh a chur leis an mainneachtain líomhainte (breithiúnais an 11 Iúil 1991, *an Coimisiún* v *an Phortaingéil*, C-247/89, EU:C:1991:305, mír 22, agus an 26 Márta 2009, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, C-559/07, EU:C:2009:198, mír 23).

52 Tá sé de chuspóir ag caingean arna tabhairt de bhun Airteagal 258 CFAE cinneadh a fháil gur mhainnigh Ballstát ina oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. Le cinneadh den sórt sin, de réir théarmaí Airteagal 260(1) CFAE, cuirtear d'oibleagáid ar an mBallstát atá i gceist na bearta is gá a ghlacadh chun breithiúnas na Cúirte a chomhlíonadh. Dá thoradh sin, ní fhéadfadh an Chúirt, ná ag an gCoimisiún ach an oiread, a ordú do Bhallstát is ábhar do chaingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh bearta faoi leith a ghlacadh (breithiúnais an 14 Aibreán 2005, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-104/02, EU:C:2005:219, mír 49, agus an 5 Deireadh Fómhair 2006, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-105/02, EU:C:2006:637, mír 44), ionas nach bhféadfaidh an Coimisiún, i gcomhthéacs na bpríomhimeachtaí, a iarraidh ar an gCúirt urghaire a thabhairt don Stát a dtugtar na himeachtaí ina choinne (féach, chuige sin, breithiúnais an 2 Deireadh Fómhair 2008, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, C-36/08, EU:C:2008:536, mír 9, agus an 2 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn, an Ungáir agus Poblacht na Seice (Sásra sealadach chun iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athlonnú)*, C-715/17, C-718/17 agus C-719/17, EU:C:2020:257, mír 56).

53 Os a choinne sin, faoin gcóras leigheasanna arna bhunú leis na Conarthaí, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhthéacs imeachtaí idirlinne bunaithe ar Airteagal 279 CFAE, a iarraidh ar an gCúirt bearta idirlinne a dheonú amhail urghaire chun leasanna arna gcosaint ag forálacha dhlí an Aontais a líomhnaítear gur sáraíodh iad a chaomhnú (féach, chuige sin, orduithe an 29 Meitheamh 1994, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, C-120/94 R, EU:C:1994:275, míreanna 42 agus 98, agus an 20 Samhain 2017, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-441/17 R, EU:C:2017:877, mír 96, agus Ordú Leas-Uachtarán na Cúirte an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-204/21 R, EU:C:2021:593, mír 54).

54 Dá bhrí sin, tá an chaingean seo inghlactha a mhéid, tríd an gcaingean, nach n-iarrann an Coimisiún ar an gCúirt ach a chinneadh go ndearna an Ungáir sárú oibiachtúil ar dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Márta 1983, *an Coimisiún* v *an Bheilg*, 301/81, EU:C:1983:51, mír 8, agus an 2 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn, an Ungáir agus Poblacht na Seice (Sásra sealadach chun iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athlonnú)*, C-715/17, C-718/17 agus C-719/17, EU:C:2020:257, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 Ar an dara dul síos, áitíonn an Ungáir nach bhféadfadh sí a thuilleadh, ar aon nós, deireadh a chur leis an mainneachtain a bhí mar ábhar leis an gcaingean agus nár léirigh an Coimisiún go raibh fíoréifeachtaí inbhraite ag iompar na hUngáire, a théann níos faide ná an próiseas cinnteoireachta lena mbaineann. Áitíonn an Ballstát sin, thairis sin, nach bhfuil tionchar ag an iompar a chuirtear ina leith ar aontacht agus comhsheasmhacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

56 Ar thaobh amháin, ní fhéadfadh Ballstát a chuireann isteach ar shaothrú an chuspóra a bhaineann le cinneadh a glacadh ar bhonn Airteagal 218(9) CFAE imeachtaí mainneachtana a sheachaint, ar an bhforas go bhfuil éifeachtaí na mainneachtana tagtha chun críche cheana. Mura mbeadh sin amhlaidh, ní fhéadfadh an Coimisiún gníomhú i gcomhthéacs na gcumhachtaí atá aige faoi Airteagal 258 CFAE, i gcoinne an Bhallstáit lena mbaineann os comhair na Cúirte chun mainneachtain den sórt sin a dhearbhú agus an misean mar chaomhnóir na gConarthaí a thugtar dó le hAirteagal 17 CAE a chur i gcrích go hiomlán. Maidir leis an bhfíoras nach féidir an sárú líomhainte ar chlú agus ar inchreidteacht an Aontais a leigheas a thuilleadh, ní fhéadfadh sé, i gcás ar bith, a bheith mar thoradh air go mbeadh an chaingean seo do-ghlactha. Ní fhéadfaí glacadh leis go bhféadfadh Ballstát a bheith ag brath ar *fait accompli* a chruthaigh sé féin chun caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh a sheachaint ós comhair na Cúirte (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-620/16, EU:C:2019:256, míreanna 48, 49 agus 57).

57 Thairis sin, dá nglacfaí leis go bhfuil caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh i gcoinne Ballstáit do-ghlactha mar gheall ar shárú ar chinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 218(9) CFAE, bhainfeadh sé sin de chineál ceangailteach na gcinntí sin, de bhun an cheathrú mír d'Airteagal 288 CFAE agus, ar bhonn ginearálta, d'urramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, i gcomhréir le hAirteagal 2 CAE, lena n-áirítear, *inter alia*, an smacht reachta. I gcás inarb iomchuí, tar éis páirt a ghlacadh sna pléití agus sa vóta laistigh den Chomhairle maidir le cinneadh lena socraítear seasamh an Aontais, d'fhéadfadh Ballstát é féin a scaoileadh ón gcinneadh sin tar éis é a bheith glactha, agus é cinnte nach dtabharfadh an Coimisiún caingean os comhair na Cúirte de bhun Airteagal 258 CFAE i gcoinne mainneachtain den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-620/16, EU:C:2019:256, míreanna 50 agus 51).

58 Ar an dara dul síos, ní fhéadfaí a mheas gur tháinig deireadh le gach éifeacht a bhí ag iompar conspóideach na hUngáire le linn sheisiúin an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha ag deireadh an tseisiúin sin. Go deimhin, léirítear iad ar leibhéal aontacht agus comhsheasmhacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais laistigh den chomhlacht idirnáisiúnta sin. Dá réir sin, téann na héifeachtaí sin níos faide ná an próiseas cinnteoireachta lena mbaineann, agus is é go díreach an cuspóir le cinneadh arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 218(9) CFAE na leasanna sin a ráthú (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-620/16, EU:C:2019:256, míreanna 46, 47 agus 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Ar an tríú dul síos, áitíonn an Ungáir nár léirigh an Coimisiún go raibh riosca ann go dtarlódh a leithéid de mhainneachtain arís.

60 I ndáil leis sin, is leor a thabhairt faoi deara nach bhfuil an riosca go dtarlóidh mainneachtain arís ina choinníoll inghlacthachta maidir le caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh.

61 Ar an gceathrú dul síos, meabhraíonn an Ungáir gur chuir sí in iúl a heasaontas roimh Chinneadh 2021/3 a ghlacadh. Áitíonn sí, i ndáil leis sin, nach raibh aon bhealach aici chun cur ina choinne, seachas a seasamh féin a chur in iúl le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha seachas an seasamh a leagtar amach sa chinneadh sin.

62 Baineann argóint den sórt sin leis an scrúdú ar bhunús na caingne seo, áfach, agus ní fhéadfadh sí, dá thoradh sin, a bheith mar bhac ar inghlacthacht na caingne.

63 I bhfianaise na mbreithnithe go léir thuasluaite, ní mór a dhearbhú go bhfuil an chaingean arna tionscnamh ag an gCoimisiún inghlactha.

B. Substaint an cháis

64 Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an Coimisiún trí agóid atá bunaithe, maidir leis an gcéad cheann, ar shárú ar sheasamh an Aontais arna bhunú le Cinneadh 2021/3, maidir leis an dara ceann, ar shárú ar inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, mar a chumhdaítear in Airteagal 3(2) CFAE, agus, maidir leis an tríú ceann, ar shárú ar phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar amach in Airteagal 4(3) CAE.

65 Measann an Chúirt gurb iomchuí tosú le scrúdú ar an dara hagóid arna hardú ag an gCoimisiún.

1. An dara hagóid, lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 3(2) CFAE

(a) Argóintí na bpáirtithe

66 Ina iarratas, áitíonn an Coimisiún, ós rud é nár chomhlíon an Ungáir Cinneadh 2021/3, gur sháraigh sí inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, mar a fhoráiltear di in Airteagal 3(2) CFAE. Dar leis go bhfuil tionchar díreach ag na leasuithe a rinneadh ar na Sceidil a ghabhann leis an dá choinbhinsiún atá i gceist ar raon feidhme reachtaíocht an Aontais sa réimse rialaithe drugaí. Ní dhéanann sé difear an mbaineann na leasuithe sin le substaintí atá faoi rialú ar fud an Aontais cheana nó an ndéantar iad a aicmiú den chéad uair.

67 Ós rud é nach bhfuil an tAontas ina pháirtí sa dá choinbhinsiún sin, tá sé de cheangal ar na Ballstáit a sheasamh a léiriú laistigh de na comhlachtaí idirnáisiúnta arna gcruthú chun lánéifeacht a thabhairt do na coinbhinsiúin sin, i gcomhréir leis an seasamh arna leagan síos ag an gComhairle i gcinneadh a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE amhail Chinneadh 2021/3.

68 Ina cosaint, cuireann an Ungáir i gcoinne léiriú an Choimisiúin ar dá réir a thagann an leasú ar na Sceidil a ghabhann leis an dá choinbhinsiún atá i gceist faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Áitíonn sí gur léir ó Airteagal 1(1)(a) de Chinneadh Réime 2004/757 nach bhfuil tionchar nuair a bhaintear substaint de Sceideal IV den dá choinbhinsiún sin ar raon feidhme an Chinnidh Réime sin i gcás ina bhfuil an tsubstaint atá i gceist fós liostaithe i Sceideal eile a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin.

69 Dá bhrí sin, níl tionchar ag an leasú, i gcomhréir le Moltaí 5.1 agus 5.4, a dhéantar ar na Sceidil a ghabhann leis na coinbhinsiúin sin, ar rialacha an Aontais ná ar a raon feidhme. Ní athraítear le ceachtar den dá mholadh sin an coincheap ‘druga’ de réir bhrí Airteagal 1(1) den Chinneadh Réime sin.

70 Go sonrach, maidir le Moladh 5.4, níl aon leasú substainteach i gceist leis, ós rud é gur bhain an scriosadh molta ar na téarmaí ‘eastóscáin agus tintiúir’ le substaintí nach dtagann faoin gcoincheap ‘druga’, de réir bhrí Chinneadh Réime 2004/757. I ndáil leis sin, mheas an Chúirt, i mbreithiúnas an 19 Samhain 2020, *B S agus C A (Margú cannaibidhé-ól (CBD))* (C-663/18, EU:C:2020:938, mír 75), a mhéid nach bhfuil aon substaint shícighníomhach i gcannaibidhé-ól, go mbeadh sé ar neamhréir le cuspóir agus spiorad ginearálta an Choinbhinsiúin um Dhrugaí Támhshuanacha é a áireamh sa sainmhíniú ar ‘dhrugaí támhshuanacha’ mar eastósc cannabais.

71 Thairis sin, is léir ó aithrisí 11 agus 22 de Chinneadh 2021/3 gur léir do reachtóir an Aontais nach mbeadh tionchar ag Moladh 5.4 ar oibleagáidí rialaithe nó dearbhaithe na mBallstát.

72 Deimhnítear le haithrisí 5 agus 7 den Chinneadh sin go dtagann liostú idirnáisiúnta substaintí áirithe sna Sceidil a ghabhann leis an dá choinbhinsiún atá i gceist agus na cinntí a bhaineann leis an liostú sin faoi inniúlacht an Aontais, rud a bhaineann leis an gcás ina liostaítear substaint nua i gceann de na Sceidil sin. Le leasú lena liostaítear sna Sceidil sin substaint atá faoi rialú cheana, amhail an cannabas, ní dhéantar, dá thoradh sin, leasú ar raon feidhme Chinneadh Réime 2004/757.

73 De bharr nár léirigh an Coimisiún ar an gcaighdeán dlí cuí go n-athrófaí raon feidhme rialacha an Aontais leis an dá choinbhinsiún atá i gceist, déantar difear do dhlíthiúlacht Chinneadh 2021/3 agus fágtar nach bhfuil an dara hagóid a rinne sé ábhartha.

74 Ina fhreagra, sonraíonn an Coimisiún gur féidir leis an gComhairle cinneadh a ghlacadh bunaithe ar Airteagal 218(9) CFAE faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus faoi inniúlacht roinnte an Aontais araon. Dá bhrí sin, tá an argóint maidir le heaspa inniúlacht sheachtrach an Aontais chun Cinneadh 2021/3 a ghlacadh neamhéifeachtach.

75 Mar mhalairt air sin, luann an Coimisiún, chun a léiriú go bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas, de bhun Airteagal 3(2) CFAE, nach gá a bheith cinnte go ndéantar difear do chomhrialacha nó go n-athraítear iad le gealltanas idirnáisiúnta arna ghlacadh ag na Ballstáit, is leor go bhfuil riosca ann go ndéanfaí difear dóibh nó go n-athrófaí iad. Mar an gcéanna, d’fhéadfaí difear a dhéanamh do raon feidhme rialacha an Aontais le gealltanais idirnáisiúnta nó

d'fhéadfaí iad a athrú, lena n-áirítear i gcás ina dtagann na rialacha sin faoi réimse atá clúdaithe cheana den chuid is mó le rialacha den sórt sin, mar a luaigh an Chúirt *inter alia* i dTuairim 2/91 (Coinbhinsiún Uimh. 170 de EIS), an 19 Márta 1993 (EU:C:1993:106, míreanna 25 agus 26).

76 De réir théarmaí bhreithiúnais an 4 Meán Fómhair 2014, *an Coimisiún* v *an Chomhairle*, C-114/12, EU:C:2014:2151, mír 74), ba cheart go mbeadh inniúlacht eisiach an Aontais bunaithe ar anailís fhoriomlán agus nithiúil ar an ngaol atá ann idir an comhaontú idirnáisiúnta atá beartaithe agus dlí an Aontais atá i bhfeidhm.

77 Sa chás seo, i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Chinneadh Réime 2004/757, cuimsíonn raon feidhme ábhartha an chinnidh sin na substaintí a aicmítear mar 'dhrugaí', agus dá dtagraítear sa dá choinbhinsiún atá i gceist.

78 Thairis sin, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil argóint na hUngáire mícheart nach dtagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais ach clárú substaintí áirithe sna Sceidil a ghabhann leis an dá choinbhinsiún atá i gceist agus na cinntí lena mbaineann. Dar leis go n-eascraíonn a mhalairt de chonclúid ó aithrisí 5, 7 agus 32 de Chinneadh 2021/3.

79 Maidir le Moladh 5.1 go sonrach, tugann an Coimisiún faoi deara, de bhun Airteagal 3(5) den Choinbhinsiún maidir le Drugaí Támhshuanacha, gur féidir druga támhshuanach i Sceideal I den Choinbhinsiún sin a liostú i Sceideal IV de i gcás ina bhfuil dóchúlacht ar leith go mbainfear mí-úsáid as agus go mbeidh éifeachtaí díobhálacha aige agus nach gcúitítear dainséar den sórt sin le tairbhí teiripeacha suntasacha nach bhfuil ag substaintí nach iad atá i Sceideal IV. Is léir ó aithrisí 9 agus 12 de Chinneadh 2021/3 go bhfuil sé bunaithe anois san eolaíocht nach bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag cannabas agus roisín cannabais atá cosúil le héifeachtaí na substaintí eile atá i Sceideal IV, amhail hearóin. Dá réir sin, moladh iad a scriosadh ó Sceideal IV, ach iad a fhágáil i Sceideal I den Choinbhinsiún sin.

80 Trí channabas agus roisín cannabais a scriosadh ó Sceideal IV den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, déantar difear do rialacha Chinneadh Réime 2004/757 maidir le pionóis agus athraítear iad, a mhéid nach bhféadfaí a mheas a thuilleadh go bhfuil na drugaí sin i measc na gcinn is díobhálaí don tsláinte, a bhfuil na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 4(2)(b) den Chinneadh Réime sin infheidhme ina leith, seachas iad siúd nach bhfuil chomh dian céanna, dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Chinneadh Réime sin.

81 Maidir le Moladh 5.4, tugann an Coimisiún faoi deara nach bhfuil in CBD ach eastóscán plandúil i measc cinn eile, ionas nach féidir aon rud a bhaint de thátal as breithiúnas an 19 Samhain 2020, *B S agus C A (Margú cannaibidhé-óil (CBD))* (C-663/18, EU:C:2020:938) maidir le heastóscáin agus tintiúir eile nó lena gcion THC. Ba cheart na substaintí a scrúdú agus a aicmiú ar bhonn cás ar chás. I ndáil leis sin, dar leis an gCoimisiún gur chuir an Ungáir i dtreis, agus an ceart aici, ina freagra ar an litir fógra fhoirmiúil ón gCoimisiún, go bhféadfadh substaintí síceatrópacha eile seachas THC a bheith sna heastóscáin agus sna tintiúir agus, dá thoradh sin, go dtagann siad faoin dá choinbhinsiún atá i gceist, d'ainneoin gur scriosadh iad ó Sceideal I de na coinbhinsiúin sin.

82 Thairis sin, foráiltear in aithris 21 de Chinneadh 2021/3 go bhféadfaidh an téarma 'ullmhóid' sa Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha gach táirge ina bhfuil eastóscáin agus tintiúir cannabais a chlúdach. Dá réir sin, ní athraíonn scriosadh na substaintí ó Sceideal I den

Choinbhinsiún sin a leibhéal rialaithe idirnáisiúnta, ós rud é go dtagann gach meascán soladach nó leachtach, ina bhfuil cannabas nó roisín cannabais, agus mar sin gach ullmhóid atá bunaithe ar channabas, faoin gCoinbhinsiún sin.

83 Ina hathfhreagra, mheas an Ungáir gurb iomchuí an cheist a chur an dtagann an leasú, i gcomhréir le moltaí EDS, ar na Sceidil a ghabhann leis an dá choinbhinsiún atá i gceist faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais agus, dá réir sin, an bhfuil Cinneadh 2021/3 dleathach.

84 Baineann an cinneadh sin, ó thaobh an bhunúis dlí de, le hAirteagal 83(1) CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE. Agus é á léiriú i bhfianaise na forála deireanaí sin, ní thugtar aon inniúlacht le hAirteagal 83(1) CFAE don Aontas chun coinbhinsiún idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích. Is léir ó aithris 5 a ghabhann leis an gCinneadh sinsin, ach freisin ó aithris 32, gurb é an rud ar a bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais ceaptha a bheith bunaithe ná an fíoras go bhfuil tionchar díreach ar an leasú ar na Sceidil a ghabhann leis an dá choinbhinsiúin atá i gceist ar raon feidhme dhlí an Aontais i réimse an rialaithe drugaí.

85 Ní dhéantar an coinníoll sin, arna leagan síos le hAirteagal 3(2) CFAE, a chomhlíonadh, áfach.

86 Ar an gcéad dul síos, níorbh ann don réasúnaíocht arna leagan amach i ndáil leis sin ag an gCoimisiún ina athfhreagra, ar a ndéantar achoimre i míreanna 75 go 82 den bhreithiúnas seo, ina iarratas. Mar sin, is argóint nua í ar cheart, sa cháil sin, a dhearbhú a bheith do-ghlactha.

87 Ansin, dar leis an Ungáir nach gcuireann an Coimisiún ina choinne nach n-athraítear an sainmhíniú ar an gcoincheap ‘druga’ i gCinneadh Réime 2004/757 mar gheall ar an leasú ar na Sceidil a ghabhann leis an dá choinbhinsiún atá i gceist. Seachas sin, áitíonn sé go bhfuil tábhacht ag baint le gach leasú ar na Sceidil do na forálacha eile den Chinneadh Réime sin anois. I ndáil leis sin, tagraíonn an Coimisiún, roinnt uaireanta, d’Airteagal 4 den Chinneadh Réime sin, cé nár luaigh sé é go dtí sin.

88 Mar an gcéanna, cuireann an Ungáir i gcoinne léiriú an Choimisiúin nach gciallaíonn scriosadh eastóscán agus tintiúr cannabais ó Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha nach dtiocfaidh na substaintí sin faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin sin.

89 Ar deireadh, dar leis an Ungáir gá don Chúirt a scrúdú an féidir bunús a bheith ag inniúlacht sheachtrach an Aontais ar an bhforas go bhféadfadh leasú ar na Sceidil a ghabhann leis an dá choinbhinsiún atá i gceist cur i bhfeidhm chomhrialacha an Aontais a athrú. I gcás ina bhforáiltear d’fhorálacha íosta i bhforálacha an Aontais a líomhnaítear go ndéanann comhaontú náisiúnta difear dóibh agus i bhforálacha an chomhaontaithe idirnáisiúnta féin, ní fhéadfaí a áitiú go gcuirtear cosc leis na rialacha idirnáisiúnta ar chur i bhfeidhm iomlán dhlí an Aontais, mar is léir ó Thuairim 2/91 (Coinbhinsiún Uimh. 170 de EDS), an 19 Márta 1993, (EU:C:1993:106, mír 18).

90 Léirítear go soiléir i dTeideal Chinneadh Réime 2004/757 ina luaitear ‘forálacha íosta a leagan síos’ agus ina aithris 3, go bhfuil sé mar chuspóir aige forálacha den sórt sin a ghlacadh.

91 Dá thoradh sin, ní fhéadfadh an tAontas, i gcás ar bith, inniúlacht sheachtrach eisiach a bheith aige maidir le leasú na Sceideal a ghabhann leis an dá choinbhinsiún atá i gceist.

(b) Measúnú na Cúirte Breithiúnais

92 Ní mór diúltú, ón tús, don phléadáil do-ghlacthachta arna hardú ag an Ungáir i gcoinne argóintí áirithe an Choimisiúin lena maítear gurb ann d'inniúlacht eisiach an Aontais chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn caibidlíocht laistigh de chomhlacht idirnáisiúnta a leagan síos. Níor ghá don Choimisiún a léiriú ina iarratas go raibh inniúlacht sheachtrach ag an Aontas, de bharr go raibh a argóint bunaithe ar an tuiscint go raibh Cinneadh 2021/3 bailí agus gur léirigh an cinneadh sin go raibh inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas. Dá bhrí sin, ní dhearna an Coimisiún ach soiléiriú a thabhairt, ina fhreagra, gurb amhlaidh, ina thuairim, go raibh an tríú cás dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) CFAE infheidhme sa chás seo.

93 Go bunúsach, tá tuiscint éagsúil ag na páirtithe ar an gcoincheap 'athrú' ar raon feidhme dhlí an Aontais i réimse an rialaithe drugaí. Molann an Ungáir réasúnú ar bhealach foriomlán agus áitíonn sí, fad nach n-athraítear raon feidhme Chinneadh 2004/757, nach féidir athrú ar rialacha dhlí an Aontais a bheith i gceist. Ar an taobh eile, measann an Coimisiún go ndéantar difear do raon feidhme dhlí an Aontais más rud é go n-athraítear aicmiú substainte. Dar leis go bhfuil sé d'éifeacht ag leasú den sórt sin ar an dearcadh i dtaobh a chontúirtí atá druga támhshuanach agus, dá thoradh sin, ar na pionóis choiriúla is infheidhme a chinneadh.

94 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt faoi deara nach ndéantar aon idirdhealú i bhfoclaíocht Airteagal 218(9) CFAE de réir chineál inniúlacht sheachtrach an Aontais (féach, de réir analaí, breithiúnais 5 Nollaig 2017, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-600/14, EU:C:2017:935, mír 49, agus 2 Meán Fómhair 2021, *an Coimisiún* v *an Chomhairle (Comhaontú leis an Airméin)*, C-180/20, EU:C:2021:658, mír 27). Mar sin, ní dhéanann sé difear an bhfuil inniúlacht eisiach nó roinnte ag an Aontas chun cinneadh de bhun na forála sin a ghlacadh. Sa dá chás, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh 'lena mbunófar na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe'.

95 Ní mór a mheabhrú, i gcomhréir leis an tríú cás dá dtagraítear in Airteagal 3(2) CFAE, go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích a mhéid ar dóigh dá thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú.

96 Tá feidhm ag an bhforáil sin freisin i gcás ina bhfuil ar chomhlacht arna bhunú de bhun comhaontú idirnáisiúnta den sórt sin bearta maidir le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe sin a ghlacadh (breithiúnas an 20 Samhain 2018, *an Coimisiún* v *an Chomhairle (LMFC na hAntartaice)*, C-626/15 agus C-659/16, EU:C:2018:925, mír 112). Thairis sin, mura bhfuil an tAontas ina bhall de chomhlacht idirnáisiúnta, ní fhágann sé sin nach féidir inniúlacht sheachtrach an Aontais a fheidhmiú go héifeachtach, go háirithe trí mheán na mBallstát ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais (féach, chuige sin, Tuairim 2/91 (Coinbhinsiún Uimh. 170 de EDT), an 19 Márta 1993, EU:C:1993:106, mír 5, agus breithiúnas an 12 Feabhra 2009, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, C-45/07, EU:C:2009:81, mír 31).

97 Tá riosca ann go ndéanfar difear do chomhrialacha an Aontais trí ghealltanais idirnáisiúnta nó go n-athrófar raon feidhme na rialacha sin, ionas gur féidir bunús a thabhairt d'inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, i gcás ina dtagann na gealltanais sin faoi raon feidhme na rialacha sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 31 Márta 1971, *an Coimisiún* v *an Chomhairle*, 22/70, EU:C:1971:32, mír 30, agus an 4 Meán Fómhair 2014, *an Coimisiún* v *an Chomhairle*, C-114/12, EU:C:2014:2151, mír 68). Thairis sin, ní gá go bhfuil an réimse a chuimsítear leis an gcomhaontú

idirnáisiúnta agus an réimse a chuimsítear le reachtaíocht an Aontais ag teacht le chéile go hiomlán (Tuairim 1/03 (Coinbhinsiún nua Lugano), an 7 Feabhra 2006, EU:C:2006:81, mír 126). Go sonrach, d'fhéadfaí difear a dhéanamh do raon feidhme dhlí an Aontais nó go n-athrófaí a raon feidhme le gealltanais idirnáisiúnta, i gcás ina dtagann na gealltanais sin faoi réimse atá cuimsithe den cuid is mó le rialacha den sórt sin (breithiúnas an 20 Samhain 2018, *an Coimisiún* v *an Chomhairle (LMFC na hAntartaice)*, C-626/15 agus C-659/16, EU:C:2018:925, mír 113 agus an cásdlí dá dtagraítear).

98 Is féidir an riosca go ndéanfar difear do rialacha, de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE a léiriú i gcás, cé nach gá go bhfuil siad ar neamhréir le comhrialacha an Aontais, go bhféadfadh tionchar a bheith ag na gealltanais idirnáisiúnta atá i gceist ar bhrí, raon feidhme agus éifeachtacht na rialacha sin (féach, chuige sin, Tuairim 1/13 (Aontachas tríú Stáit do Choinbhinsiún na Háige), an 14 Deireadh Fómhair 2014, EU:C:2014:2303, mír 85; Tuairim 2/15 (Comhaontú Saorthrádála le Singeapór), an 16 Bealtaine 2017, EU:C:2017:376, agus breithiúnas an 20 Samhain 2018, *an Coimisiún* v *an Chomhairle (LMFC na hAntartaice)*, (C-626/15 agus C-659/16, EU:C:2018:925, mír 114).

99 Sa chás seo, is léir ó Airteagal 1(1)(a) agus (b) de Chinneadh Réime 2004/757 go sainmhínítear an coincheap 'druga', *inter alia*, trí thagairt don dá choinbhinsiún atá i gceist. Mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 59 dá Tuairim, trí thagairt den sórt sin a dhéanamh, chuir institiúidí an Aontais a gcinneadh in iúl a áirithiú go ndéanfaidh an tAontas a ghníomhaíochtaí a ailíniú le beartais idirnáisiúnta rialaithe drugaí agus, dá réir sin, leis na coinbhinsiúin sin.

100 Mar is léir ó aithrisí 5 agus 32 de Chinneadh 2021/3, déanfar aon athrú ar Sceidil an dá choinbhinsiún sin a thabhairt isteach go díreach i gcomhrialacha an Aontais, ionas go ndéanfaidh athrú den sórt sin difear go díreach d'inneachar Chinneadh Réime 2004/757.

101 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, maidir le Moladh 5.1, bhí an moladh sin ceaptha chun aicmiú cannabais agus na substaintí gaolmhara a leasú trína scriosadh ó Sceideal IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ina liostaítear na drugaí támhshuanacha is díobhálaí 'nach eol go bhfuil aon leas ag baint leo le haghaidh cóireáil daoine daonna', mar a mhínítear sna nótaí a ghabhann leis an gCoinbhinsiún aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961 (Náisiúin Aontaithe, 1975), a mhéid a bhaineann le hAirteagal 3(3)(i) agus (ii) den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha (mír 7).

102 Más léir ó Airteagal 4 de Chinneadh Réime 2004/757, mar phrionsabal, ní mór do na Ballstáit foráil a dhéanamh, i gcás na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chinneadh sin, do phianbhreitheanna uasta 3 bliana príosúnachta ar a laghad, sonraítear in Airteagal 4(2)(b) den Chinneadh Réime sin, áfach, nach mór do na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun go mbeidh na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a) go (c) de faoi réir pianbhreitheanna uasta ó 5 go 10 mbliana príosúnachta i gcás ina mbaineann na cionta sin leis na drugaí atá i measc na gcinn is díobhálaí don tsláinte nó i gcás ina bhfuil siad ina gcúis le damáiste suntasach do shláinte go leor daoine.

103 Dá réir sin, bhí an ceart ag an gCoimisiún nuair a d'áitigh sé, de bharr go sainmhínítear an coincheap 'druga' i gCinneadh Réime 2004/757 trí thagairt, *inter alia*, don Coinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, nach bhfágfadh scriosadh cannabais ó liosta na substaintí a liostaítear i Sceideal IV den Choinbhinsiún sin nach mbeadh na pionóis dá bhforáiltear le hAirteagal 4(2)(b) den Chinneadh Réime sin infheidhme.

104 Dá réir sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag Moladh 5.1 ar bhrí agus raon feidhme rialacha an Aontais, agus is leor é sin chun a chinneadh go mbeadh seasamh maidir le glacadh an mholta sin ag teacht faoi inniúlacht eisiach an Aontais ar bhonn an tríú cás dá dtagraítear in Airteagal 3(2) CFAE.

105 Sa dara háit, maidir le Moladh 5.4, bhí sé i gceist leis an moladh sin na téarmaí 'eastóscáin agus tintiúir' a scriosadh ó Sceideal I den Choinbhinsiún sin. Go bunúsach, is é a bhí i gceist ná nach ndéanfaí eastóscáin agus tintiúir cannabais nach bhfuil airíonna sícighníomhacha acu a aicmiú i measc na ndrugaí támhshuanacha a thuilleadh agus a margaíocht a údarú mar sin, ach a bheith san airdeall ar eastóscáin agus tintiúir cannabais a bhfuil airíonna den sórt sin acu. Dá réir sin, bhí sé d'éifeacht ag an moladh sin na 'heastóscáin agus na tintiúir' a eisiamh ó raon feidhme Chinneadh Réime 2004/757, i bhfianaise na tagartha a dhéantar in Airteagal 1(1) den Chinneadh Réime sin don dá choinbhinsiún atá i gceist.

106 Mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i mír 63 dá Tuairim, bheadh sé d'éifeacht ag eisiamh den sórt sin, *inter alia*, nach mbeadh feidhm ag na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) den Chinneadh Réime sin maidir leis na pionóis choiriúla atá le forchur ag na Ballstáit as na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chinneadh sin.

107 Dá réir sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag Moladh 5.4 freisin ar bhrí agus raon feidhme rialacha an Aontais, agus is leor é sin chun a chinneadh go mbeadh seasamh maidir le glacadh an mholta sin ag teacht faoi inniúlacht eisiach an Aontais ar bhonn an tríú cás dá dtagraítear in Airteagal 3(2) CFAE.

108 Ós rud é nach bhfuil an staid, dá bhrí sin, inchomparáide leis an staid a luaitear i míreanna 18 agus 21 de Thuairim 2/91 (Coinbhinsiún Uimh. 170 de EIS) an 19 Márta 1993 (EU:C:1993:106), ní fhéadfadh an Ungáir argóintí a bhaint as cinntí na Cúirte sa Tuairim sin chun cur i gcoinne an léirithe go bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas chun Cinneadh 2021/3 a ghlacadh.

109 Dá réir sin, contrártha don mhéid a áitíonn an Ungáir, bhí inniúlacht eisiach ag an Aontas chun caibidlíocht a dhéanamh maidir le Moltaí 5.1 agus 5.4 laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, agus chun seasamh a ghlacadh i bhfabhar iad a ghlacadh laistigh den Choimisiún sin. Dá bhrí sin, bhí an ceart ag an gComhairle Cinneadh 2021/3 a ghlacadh chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn caibidlíocht laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a leagan síos. De bharr nár chomhlíon sí an cinneadh sin, rinne an Ungáir sárú ar inniúlacht eisiach an Aontais.

110 Is gá mar sin glacadh leis an dara hagóid ón gCoimisiún, lena n-éilítear go ndearna an Ungáir sárú ar Airteagal 3(2) CFAE.

2. An chéad agóid, lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagail 1 agus 2 de Chinneadh 2021/3 agus ar an gceathrú mír d'Airteagal 288 CFAE

111 Ós rud é gur ardaigh an Ungáir pléadáil neamhdhleathachta i gcoinne Chinneadh 2021/3 ina cosaint, is iomchuí í a scrúdú ar dtús.

(a) An phléadáil neamhdhleathachta maidir le Cinneadh 2021/3

(1) Argóintí na bpáirtithe

112 Cuireann an Ungáir i gcoinne neamhdhleathacht Chinneadh 2021/3. I bhfianaise na tréimhse gairide a d'imigh thart idir an cinneadh sin a ghlacadh agus an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, a tionóladh roimh dhul in éag na tréimhse dá bhforáiltear sa séú mír d'Airteagal 263 CFAE chun caingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh, maíonn an Ungáir nach raibh sí in ann agóid éifeachtach a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin. Ní hamháin nach bhféadfadh sí caingean le haghaidh neamhniú a dhéanamh laistigh den tréimhse ghairid sin, ach ní fhéadfadh an Chúirt ach an oiread scrúdú ar an tsubstaint a dhéanamh agus dá réir sin cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú don Stát sin. Fiú dá dtionscnófaí caingean le haghaidh neamhniú, agus iarratas ar bheart idirlinne ag gabháil leis, ní gá gur leor sin chun éifeacht dhíobhálach Chinneadh 2021/3 a ruaigeadh.

113 Thairis sin, áitíonn an Ungáir nach bhféadfadh an fíoras nár thionscain sí caingean le haghaidh neamhniú i gcoinne Chinneadh 2021/3 bac a chur uirthi pléadáil neamhdhleathachta a ardú de bhun Airteagal 277 CFAE i gcomhthéacs na caingne seo mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh. Tá sé sin níos fíre fós, de bhrí, dá dtionscnófaí caingean le haghaidh neamhniú i gcoinne an chinnidh sin i ndiaidh an vóta laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, nach gcuirfí de chumas ar an Ungáir a dearcadh a chur chun cinn ná imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh a sheachaint.

114 Ina theannta sin, níl sé i gceist dul timpeall ar na teorainneacha ama nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 263 CFAE, i gcás nach féidir na fadhbanna a bhaineann le gníomh an Aontais a aithint le linn a ghlactha agus nach dtagann siad chun solais go dtí go gcuirtear chun feidhme é.

115 Ós rud é nár thug an Coimisiún fianaise go raibh caingean le haghaidh neamhniú éifeachtach i gcoinne Chinneadh 2021/3, ní fhéadfadh sé cur i gcoinne infheidhmeacht Airteagal 277 CFAE, lena bhforlíontar Airteagal 263 CFAE, nó shéanfaí ar an Ungáir an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, mar a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

116 Thairis sin, ní féidir an dlí a chur ar dhuine ar bhonn gníomh neamhdhleathach. Ós rud é, leis an vóta laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, gur cuireadh an dlaoi mhullaigh ar an dochar a rinneadh do leasanna na hUngáire leis an gcinneadh sin, ní hé an cinneadh sin a bhí ag déanamh dochair do leasanna na hUngáire, ach na himeachtaí um shárú a tionscnaíodh mar gheall ar an sárú air.

117 In aon chás, measann an Ungáir gur léirigh sí, mar fhreagra ar an dara hagóid ón gCoimisiún, gur gníomh nach ann dó é Cinneadh 2021/3 ar cheart don Chúirt a scrúdú *ex officio*.

118 Áitíonn an Coimisiún, agus é ag brath ar bhreithiúnas an 6 Márta 1979, *Simmenthal* v *an Coimisiún* (92/78, EU:C:1979:53, mír 39), go bhfuil an phléadáil neamhdhleathachta i gcoinne Chinneadh 2021/3 do-ghlactha go follasach ós rud é gur léir go mbeadh agóid ina choinne ón Ungáir trí chaingean le haghaidh neamhniú inghlactha.

(2) Measúnú na Cúirte Breithiúnais

119 Ní mór a thabhairt faoi deara go ndéantar idirdhealú sa chóras leigheasanna arna bhunú i gConradh FAE idir na himeachtaí dá dtagraítear in Airteagail 258 agus 259 CFAE, chun dearbhú a fháil gur mhainnigh Ballstát sna hoibleagáidí atá air, agus na himeachtaí dá dtagraítear in Airteagail 263 agus 265 CFAE, atá dírithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht gníomhartha nó neamhghníomhartha institiúidí an Aontais. Leis na himeachtaí sin, saothraítear cuspóirí difriúla agus tá siad faoi réir nósanna imeachta difriúla (breithiúnais 30 Meitheamh 1988, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, 226/87, EU:C:1988:354, mír 14; an 27 Deireadh Fómhair 1992, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-74/91, EU:C:1992:409, mír 10, agus an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-620/16, EU:C:2019:256, mír 89).

120 Bhain an Chúirt de thátal as sin nach bhféadfadh Ballstát, in éagmais foráil den Chonradh sin lena n-údaraítear sin go sainráite, neamhdhleathacht cinnidh nó treorach a ndírítear air a ardú mar chosaint i gcoinne na caingne mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh bunaithe ar neamh-chomhlíonadh an chinnidh nó na treorach sin agus nach bhféadfadh sé sin a bheith difriúil ach amháin más rud é go raibh earráidí an-tromchúiseach nó an-fhollasach ag baint leis an ngníomh atá i gceist, a oiread sin go bhféadfaí a mheas nach ann don ghníomh sin (féach breithiúnais an 30 Meitheamh 1988, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, 226/87, EU:C:1988:354, mír 16; an 27 Deireadh Fómhair 1992, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-74/91, EU:C:1992:409, mír 11, agus an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-620/16, EU:C:2019:256, mír 89).

121 Mheas an Chúirt freisin, mar bhall den Chomhairle, arb í údar an chinnidh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn caibidlíocht laistigh de chomhlacht idirnáisiúnta, gur gá go raibh Ballstát ar an eolas faoi, fiú murar díríodh an cinneadh air go foirmiúil agus go raibh sé lánábalta caingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh i gcoinne an chinnidh sin laistigh den tréimhse 2 mhí a shocraítear sa séú mír d'Airteagal 263 CFAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin* (C-620/16, EU:C:2019:256, mír 90).

122 Thairis sin, mar a tugadh faoi deara i mír 119 den bhreithiúnas seo, tá cuspóir sonrach ag gabháil leis an gcaingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh arb é cinneadh a fháil ón gCúirt go ndearna Ballstát sárú ar oibleagáidí atá air. Ní fhéadfadh an Stát ar tionscnaíodh na himeachtaí ina choinne leas a bhaint as an gcaingean sin chun leigheas a thabhairt ar a éighníomhaíocht agus ar a easpa agóid dhíreach, trí chaingean le haghaidh neamhniú, i gcoinne an ghnímh a áitíonn an Coimisiún gur sháraigh sé é.

123 Ós rud é nach mbaineann caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh le hinfheidhmeacht gnímh d'institiúid, comhlacht, gníomhaireacht, nó oifig an Aontais ar chor ar bith agus, i gcomhréir le hAirteagal 277 CFAE, gurb é go díreach an cuspóir leis an bpléadáil neamhdhleathachta dearbhú a fháil nach bhfuil feidhm ag gníomh den sórt sin, ní fhéadfar cead a thabhairt do Bhallstát, i gcomhthéacs caingean den sórt sin, pléadáil neamhdhleathachta a ardú i gcoinne gníomh den Aontas, cibé gníomh a bheidh i gceist, mura bhfuil lochtanna an-tromchúiseach agus an-fhollasach ag baint leis, a oiread sin gur féidir é a aicmiú mar ghníomh nach ann dó, mar a luaitear i mír 120 den bhreithiúnas seo.

124 Go deimhin, Ballstát ar mian leis leas a bhaint as caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh chun cur i gcoinne dhleathacht an ghnímh faoin dlí tánaisteach a raibh a neamh-chomhlíonadh ina chúis leis an gcaingean sin a thionscnamh, déanann sé neamhaird den toimhde bhailíochta atá ag gach gníomh den dlí tánaisteach. Ciallaíonn an

toimhde sin, le haghaidh gach duine atá faoi réir dhlí an Aontais, go bhfuil oibleagáid air lánéifeachtacht gníomhartha de dhlí tánaisteach an Aontais a aithint fad nár dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil siad neamhbhailí (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Feabhra 1979, *Granaria*, 101/78, EU:C:1979:38, míreanna 4 agus 5, agus an 7 Meitheamh 1988, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, 63/87, EU:C:1988:285, míreanna 10 agus 11) agus in-fhorfheidhmitheacht na ngníomhartha sin a urramú fad nár chinn Cúirteanna an Aontais bac a chur ar a bhforghníomhú (breithiúnas an 21 Meán Fómhair 1989, *Hoechst* v *an Coimisiún*, 46/87 agus 227/88, EU:C:1989:337, mír 64). Dá bhrí sin, tá éifeachtaí dlíthiúla ag na gníomhartha sin fad nár tarraingíodh siar iad, nár cuireadh iad ar neamhní i gcomhthéacs caingean le haghaidh neamhniú nó nár dearbhaíodh iad a bheith neamhbhailí i ndiaidh tarchur chun réamhrialú nó pléadáil neamhdhleathachta (breithiúnais an 5 Deireadh Fómhair 2004, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, C-475/01, EU:C:2004:585, mír 18, agus an 10 Meán Fómhair 2019, *HTTS* v *an Chomhairle*, C-123/18 P, EU:C:2019:694, mír 100).

125 Ar an gcaoi sin, tá an easpa féidearthachta do Bhallstát agóid a dhéanamh i gcoinne neamhdhleathacht gnímh a thug an sárú air ar an gCoimisiún imeachtaí a thionscnamh ina choinne chun cinneadh a fháil go ndearna sé mainneachtain mar chuid den phrionsabal gurb amhlaidh, cé is moite de chásanna dá bhforáiltear go sainráite, go gcuirtear cosc leis na Conarthaí ar na Ballstáit ceart a bhaint amach lena lámh féin (breithiúnas an 13 Samhain 1964, *an Coimisiún* v *Lucsamburg agus an Bheilg*, 90/63 agus 91/63, EU:C:1964:80, leathanach 1232).

126 Má mheasann Ballstát go bhfuil gnéithe de ghníomh dlí thánaistigh atá ar neamhréir le dlí an Aontais, is féidir leis gníomhú, laistigh den Chomhairle nó trí fhógra a thabhairt don Choimisiún nó, ar deireadh, trí imeachtaí breithiúnacha chun go ndéanfar na pointí neamhréireacha a ruaigeadh. Os a choinne sin, ní údaraítear do Bhallstát, i gcás ar bith, bearta ceartaitheacha nó bearta cosanta a ghlacadh go haontaobhach chun leigheas a thabhairt ar aon sárú, a rinne Ballstát eile nó institiúid an Aontais, ar rialacha dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Meán Fómhair 1979, *an Coimisiún* v *an Fhrainc*, 232/78, EU:C:1979:215, mír 9; an 12 Feabhra 2009, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, C-45/07, EU:C:2009:81, mír 26, agus an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-620/16, EU:C:2019:256, mír 88), nó thabharfaí faoi cheist an ceanglas bunúsach de dhlíchóras an Aontais arb é cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais (breithiúnas an 21 Feabhra 1991, *Zuckerfabrik Süderdithmarschen agus Zuckerfabrik Soest*, C-143/88 agus C-92/89, EU:C:1991:65, mír 26).

127 Mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 96 dá Tuairim, i gcás nach dtionscnaíonn Ballstát caingean le haghaidh neamhniú i gcoinne gníomh a díríodh air laistigh den tréimhse 2 mhí dá bhforáiltear sa séú mír d'Airteagal 263 CFAE, ní fhéadfadh sé an dlíthiúlacht a thabhairt faoi cheist ina dhiaidh sin i gcomhthéacs caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, nó chuirfí i mbaol cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus aonfhoirmeach dhlí an Aontais, ar saintréith bhunúsach de dhlíchóras an Aontais é. Trína chur ar chumas na mBallstát leas a bhaint as tairbhí an Aontais, cuirtear d'oibleagáid orthu freisin na rialacha a bhaineann leis a chomhlíonadh. Má ghníomhaíonn Ballstát go haontaobhach, de réir a choincheapa féin den leas náisiúnta, agus é ag cur as don chothromaíocht idir na tairbhí agus na hoibleagáidí a eascraíonn as a bhallraíocht san Aontas, caithfear amhras ar chomhionannas na mBallstát faoi dhlí an Aontais, ar neamhréir leis na dualgais dlúthpháirtíochta arna nglacadh ag na Ballstáit de bhua a n-aontachas leis an Aontas agus ar cuid de bhunúis dhlíchórais an Aontais iad. Ina theannta sin, d'fhéadfadh dearcadh den sórt sin idirdhealú a chruthú i gcoinne saoránaigh Ballstát agus, thar aon duine eile, i gcoinne shaoránaigh an Stáit féin a imíonn ó riail an Aontais (breithiúnas an 7 Feabhra 1973, *an Coimisiún* v *an Iodáil*, 39/72, EU:C:1973:13, míreanna 24 agus 25).

128 Thairis sin, i gcomhthéacs ina bhfuil práinn ann toisc gur glacadh le chéile nó beagnach le chéile, ar thaobh amháin, an cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn caibidlíocht laistigh de chomhlacht idirnáisiúnta agus, ar an taobh eile, an vóta laistigh den chomhlacht sin, Ballstát a raibh amhras air maidir le bailíocht an chinnidh sin, ba cheart dó leas a bhaint as an tréimhse idir an leagan deiridh arna thíolacadh ag an gCoimisiún, nó leagan atá beagnach críochnúil, den dréachtchinneadh agus vóta na Comhairle, lena bhféadfaí é a ghlacadh, chun a iarratas a dhréachtú mar aon le hiarratas ar bhac a chur ar fhorghníomhú an chinnidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 160(1) de na Rialacha Nós Imeachta. Chuige sin, ní mór don Choimisiún iarracht a dhéanamh, go ginearálta, a thogra a thíolacadh sách luath ionas go bhféadfaidh an Chomhairle an próiseas cinnteoireachta a thabhairt chun críche d'fhonn an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a chinneadh in am trátha le súil leis na caibidlíochtaí agus an vóta laistigh den chomhlacht sin.

129 Dá gcuirfí bac ar fhorghníomhú an chinnidh sin, bheadh sé d'éifeacht aige sin an toimhde bhailíochta a bhaint de go sealadach. I gcás den sórt sin, beidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais fós faoi réir, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) CAE, na ndualgas cómhalartachta comhair dhílis (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Feabhra 1983, *Lucsamburg* v *an Pharlaimint*, 230/81, EU:C:1983:32, míreanna 37 agus 38). Go sonrach, is faoi na Ballstáit atá sé féachaint chuige nach sáraíonn siad, sula rialaíonn an Chúirt ar an tsubstaint, an ceanglas maidir le haontacht ionadaíocht an Aontais, agus is faoin gCoimisiún atá sé úsáid a bhaint as a cháil mar idirbheartaí na gníomhaíochta seachtraí atá i gceist chun éifeachtacht na n-imeachtaí breithiúnacha os comhair na Cúirte a chaomhnú, a oiread agus is féidir, mar shampla, trí iarracht a dhéanamh an vóta laistigh den chomhlacht idirnáisiúnta lena mbaineann a chur siar.

130 Thairis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an easpa féidearthachta do Bhallstát pléadáil neamhdhleathachta a ardú i gcomhthéacs caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh gan dochar, áfach, don fhéidearthacht atá aige cur i gcoinne bhunús an léirithe atá ag an gCoimisiún maidir leis an ngníomh dlí thánaistigh a mhaíonn sé gur sháraigh sé. I gcás inar féidir níos mó ná léiriú amháin a dhéanamh ar théacs dlí thánaistigh, ní mór é a léiriú, a oiread agus is féidir, sa chiall atá i gcomhréir le forálacha na gConarthaí. Ar an gcaoi chéanna, ciallaíonn tosaíocht na gcomhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach ar an reachtaíocht thánaisteach nach mór an reachtaíocht thánaisteach a léiriú, a mhéid is féidir, ar bhealach atá comhsheasmhach leis na comhaontuithe sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Nollaig 1983, *an Coimisiún* v *an Chomhairle*, 218/82, EU:C:1983:369, mír 15; an 10 Meán Fómhair 1996, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-61/94, EU:C:1996:313, mír 52, agus an 17 Deireadh Fómhair 2024, *PT Pelita Agung Agrindustri agus PT Permata Hijau Palm Oleo* v *an Coimisiún*, C-112/23 P, EU:C:2024:899, mír 38).

131 Ar deireadh, agus gan gá a bheith ann le scrúdú a dhéanamh ar bhealach níos doimhne ar na hargóintí arna n-ardú ag an Ungáir mar thaca le neamhdhleathacht fhéideartha Chinneadh 2021/3, ní mór a thabhairt faoi deara nár ardaigh an Ballstát sin aon fhianaise lena léirítear go bhfuil locht ag gabháil leis an gcinneadh sin atá chomh tromchúiseach agus follasach sin go dtabharfadh sé faoi cheist an ann don chinneadh sin fiú (féach, de réir analaí, breithiúnas an 11 Deireadh Fómhair 2016, *an Coimisiún* v *an Iodáil*, C-601/14, EU:C:2016:759, mír 34).

132 Dá bhrí sin, ní mór a dhearbhú go bhfuil an phléadáil neamhdhleathachta arna hardú ag an Ungáir maidir le Cinneadh 2021/3 do-ghlactha.

(b) An sárú ar Airteagail 1 agus 2 de Chinneadh 2021/3 agus ar an gceathrú mír d'Airteagal 288 CFAE

(1) Argóintí na bpáirtithe

133 Áitíonn an Coimisiún gur sháraigh an Ungáir Cinneadh 2021/3 ós rud é nár chloígh sé, le linn an vóta laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, leis an seasamh arna ghlacadh ag an gComhairle sa Chinneadh sin. Is beag tábhacht, i ndáil leis sin, gur ardaigh an Ungáir cúinsí sláinte agus sóisialta chun bunús a thabhairt dá hagóid i gcoinne Mholtaí 5.1 agus 5.4. Meabhraíonn an Coimisiún, de bhun an cheathrú mhír d'Airteagal 288 CFAE, go bhfuil cinneadh arna ghlacadh ag an Aontas ina cheangal go huile agus go hiomlán, agus ní féidir é a chur i bhfeidhm ar bhealach roghnach, mar a rinne an Ungáir.

134 Áitíonn an Ungáir nár sháraigh sí an cinneadh sin, ós rud é gur gníomh nach ann dó é. De bhrí nach raibh inniúlacht ag an Aontas an cinneadh sin a ghlacadh, glacadh an cinneadh sin de shárú ar Airteagal 5(2) CAE.

(2) Measúnú na Cúirte Breithiúnais

135 Glacadh Cinneadh 2021/3 ar bhonn Airteagal 218(9) CFAE, lena bhforáiltear ní do mholadh a ghlacadh amháin, ach do 'chinneadh' a ghlacadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna bhunú ag comhaontú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá éifeachtaí dlí ceangailteacha ag an gcinneadh sin, a mhéid a bhunaítear leo, le haghaidh na mBallstát, seasamh an Aontais i gcomhthéacs an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus a chuirtear d'oibleagáid orthu an seasamh sin a chosaint. Thairis sin, foilsíodh an cinneadh sin i Sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar ghníomh ceangailteach (féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Deireadh Fómhair 2009, *an Coimisiún* v *an Chomhairle*, C-370/07, EU:C:2009:590, mír 44, agus an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, C-620/16, EU:C:2019:256, míreanna 78 agus 80).

136 Mar is léir ó mhíreanna 109 agus 131 den bhreithiúnas seo, is amhlaidh go raibh an tAontas inniúil chun Cinneadh 2021/3 a ghlacadh ar bhonn Airteagal 3(2) CFAE.

137 Ina theannta sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn an Ungáir, tá toimhde bhailíochta ag an gcinneadh sin, i gcomhréir leis an gcásdlí a mheabhraítear i mír 124 den bhreithiúnas seo, ionas nach mór don Bhallstát a infhorfheidhmitheacht a urramú mura bhfuil aon bhac ar fhorghníomhú fógartha ag an gCúirt.

138 Dá bhrí sin, ní mór glacadh leis an gcéad agóid ón gCoimisiún.

3. An tríú hagóid, sárú ar phrionsabal an chomhair dhílis, a ráthaítear le hAirteagal 4(3) CAE

(a) Argóintí na bpáirtithe

139 Measann an Coimisiún gur sháraigh an Ungáir prionsabal an chomhair dhílis, a chumhdaítear in Airteagal 4(3) CAE, ós rud é nár vótáil sí laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha i gcomhréir le Cinneadh 2021/3 agus gur chuir sí in iúl go poiblí a heasaontas le moltaí EDS, a bhí ar an gclár.

140 Mar is léir ó bhreithiúnas an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin* (C-620/16, EU:C:2019:256, mír 94), tá an oibleagáid atá ar na Ballstáit cinneadh a ghlactar ar bhonn Airteagal 218(9) CFAE a urramú ina léiriú sonrach ar an gceanglas maidir le haontacht ionadaíocht an Aontais.

141 Déantar gníomhaíocht na hUngáire a ghéarú mar gheall ar an bhfíoras go ndearnadh a vóta laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha gan fógra agus gan comhairliúchán roimh ré le hinstitiúidí an Aontais. Laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, níorbh fhéidir leis an Ungáir í féin a chur in iúl ach thar ceann an Aontais agus, i bhfianaise inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, níorbh fhéidir léi ach seasamh an Aontais a chur in iúl.

142 Thairis sin, níor ghlac an Ungáir aon bheart le linn chruinniú an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha ná ina dhiaidh, chun iarmhairtí a iompair a leigheas nó ar a laghad na hiarmhairtí a mhaolú agus a chuid amhrais maidir lena gníomhaíocht todhchaí a ruaigeadh. Dá réir sin, níor aithin an Ungáir go raibh a hiompar laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha neamhdhleathach agus dhearbhaigh sí fiú go raibh a cuid gníomhaíochtaí dlisteanach.

143 Chuir an Coimisiún béim air go raibh údaráis na hUngáire ar an eolas cheana faoin seasamh a bhí beartaithe le glacadh thar ceann an Aontais sular cuireadh a thogra faoi bhráid na Comhairle fiú. Dá réir sin, dá mbeadh sé i gceist aici cur ina choinne i ndáiríre, bhí an t-am is gá ag an Ungáir a caingean a ullmhú, sular tionóladh cruinniú an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha.

144 Ar deireadh, ós rud é nach bhfoilsíonn EDS a chuid tuarascálacha go ginearálta go dtí deireadh mhí na Samhna, tá an tréimhse an-ghearr ann chun seasamh an Choimisiúin a dhréachtú agus an comhordú idirinstitiúideach a dhéanamh d'fhonn ullmhú don seasamh atá le glacadh ag an Aontas ag seisiúin an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha a reáchtáiltear i mí an Mhárta. Is minic nach mbeadh an tréimhse 2 mhí dá bhforáiltear leis an séú mír d'Airteagal 263 CFAE chun caingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh i gcoinne cinneadh ón gComhairle lena nglactar seasamh den sórt sin, arna ríomh ón tráth a chuirtear in iúl an cinneadh sin, tar éis dul in éag roimh thús an tseisiúin earraigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha. Leis an bhfíoras go bhfuil an tréimhse sin ag rith, ní chuirtear bac, áfach, ar an gcinneadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith aige agus ar é a bheith de cheangal ar na Ballstáit ar a ndírítear an cinneadh sin é a chomhlíonadh.

145 Freagraíonn an Ungáir nár sháraigh sí prionsabal an chomhair dhílis.

146 Ar an gcéad dul síos, le neamhdhleathacht Chinneadh 2021/3, a eascraíonn as an sárú ar Airteagal 3(2) CFAE, cuirtear bac ar chinneadh go ndearna an Ballstát sin an prionsabal sin a shárú. Dá réir sin, ciallaíonn an neamhdhleathacht sin go bhféadfadh an Ballstát sin a sheasamh féin a chur in iúl laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha gan srian.

147 Ar an dara dul síos, maíonn an Ungáir nach ise amháin atá freagrach as an staid sin. I ndáil leis sin, luann sí go raibh an Coimisiún déanach leis an togra le haghaidh cinnidh a chur faoi bhráid na Comhairle. Rinneadh an vóta laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, dá bhrí sin, sula ndeachaigh an teorainn ama 2 mhí in éag a bhí ag an Ungáir chun agóid a dhéanamh i gcoinne Chinneadh 2021/3. Le cleachtas den sórt sin, maítear go sáraítear ceart na mBallstát chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Is iomchuí freisin prionsabal an chomhair dhílis a léiriú i bhfianaise an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, mar a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Níor leor an cúpla lá a bhí ann idir an cinneadh sin a ghlacadh agus an vóta ar na leasuithe chun caingean a thionscnamh mar aon le hiarratas ar bhearta idirlinne agus chun go dtabharfadh an Chúirt breith orthu.

148 Thairis sin, shonraigh an Ungáir, mar gheall ar an sceideal ama docht sin, nach raibh a seasamh críochnúil glactha aici maidir le moltaí EDS go dtí go díreach roimh an seisiún, agus breithiúnas an 19 Samhain 2020, *B S agus C A (Margú cannaibidhé-óil (CBD))* (C-663/18, EU:C:2020:938) á chur san áireamh i ndáil leis sin.

149 Ina theannta sin, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir an cás seo agus an cás inar tugadh breithiúnas an 5 Nollaig 2017, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle* (C-600/14, EU:C:2017:935). Is fíor go bhfuil an pointe cosúlachta idir an dá chás sin nach raibh a dhóthain ama ag an mBallstát chun agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí atá i gceist ná chun bac ar fhorghníomhú na gcinntí sin a iarraidh. Mar sin féin, murab ionann agus sa chás inar tugadh an breithiúnas sin, bhí na héifeachtaí do-chúlaithe a bhí ag Cinneadh 2021/3 le linn sheisiúin an Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha fós ann sa chás seo, rud a sháraigh an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

150 Ar an tríú dul síos, ní chuir EDS aon argóint nithiúil in iúl, ar leibhéal sláinte, sóisialta ná dlíthiúil, mar thaca le fóntas praiticiúil a chuid moltaí, agus is í an t-aon éifeacht a d'fhéadfadh a bheith acu an teachtaireacht a thabhairt don phobal go ndearnadh rómheastachán ar na rioscaí a bhaineann le cannabas don tsochaí agus don tsláinte phoiblí agus an dá choinbhinsiún sin atá i gceist á ndréachtú agus go bhfuil na coinbhinsiúin sin ródhian mar sin maidir leis an rialú a tugadh isteach ar channabas.

151 Ar an gceathrú dul síos, ní fhéadfadh moltaí EDS rochtain ar ullmhóidí ar bhonn cannabais chun críoch teiripeach a éascú, ós rud é gurb é an t-aon chuspóir atá acu taighde a éascú ar úsáidí den sórt sin.

(b) Measúnú na Cúirte Breithiúnais

152 Mar a dheimhnigh an Chúirt arís agus arís, i ngach réimse a fhreagraíonn do chuspóirí na gConarthaí, cuirtear de cheangal le hAirteagal 4(3) CAE ar na Ballstáit a cúnamh a thabhairt don Aontas a chúraimí a ghnóthú agus staonadh ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú na gcuspóirí sin a chur i gcontúirt (breithiúnas an 31 Márta 1971, *an Coimisiún* v *an Chomhairle*, 22/70, EU:C:1971:32, mír 21; Tuairim 2/91 (Coinbhinsiún Uimh. 170 de EIS), an 19 Márta 1993,

EU:C:1993:106, mír 10, agus breithiúnais an 5 Samhain 2002, *an Coimisiún* v *an Danmhairg*, C-467/98, EU:C:2002:625, mír 110, agus an 8 Márta 2022, *an Coimisiún* v *an Ríocht Aontaithe (Calaois tearcluachála a chomhrac)*, C-213/19, EU:C:2022:167, mír 527).

153 Dá thoradh sin, i gcás ina ndealraíonn sé go dtagann cuid d'ábhar comhaontaithe idirnáisiúnta nó coinbhinsiúin idirnáisiúnta faoi inniúlacht an Aontais, agus cuid eile de faoi inniúlacht na mBallstát, ní mór dlúthchomhar a áirithiú idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais sa phróiseas caibidlíochta agus tabhairt i gcrích agus i bhforfheidhmiú na ngealltanas a ghlactar. Eascraíonn an oibleagáid chomhair sin as an gceanglas a bhaineann le haontacht in ionadaíocht idirnáisiúnta an Aontais (Tuairim 2/91 (Coinbhinsiún Uimh. 170 de EIS), an 19 Márta 1993, EU:C:1993:106, mír 36 agus 1/94 (Comhaontuithe atá i gceangal le Comhaontú EDT) an 15 Samhain 1994, EU:C:1994:384, mír 108, agus breithiúnas an 20 Aibreán 2010, *an Coimisiún* v *an tSualainn*, C-246/07, EU:C:2010:203, mír 73).

154 Mar gheall ar na dualgais shonracha atá ar Bhallstát gníomhú agus staonadh, ní fhéadfaí glacadh leis go gcuirfeadh sé in iúl, i gcomhlacht arna bhunú le comhaontú idirnáisiúnta, togra aontaobhach faoina n-imíonn sé ón straitéis choiteann a leagadh síos laistigh den Chomhairle. Go deimhin, d'fhéadfadh staid den sórt sin prionsabal na haontachta in ionadaíocht idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát a chur i mbaol, ach freisin a gcumhacht caibidlíochta i ndáil leis na páirtithe eile sa Choinbhinsiún a lagú (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Aibreán 2010, *an Coimisiún* v *an tSualainn*, C-246/07, EU:C:2010:203, míreanna 103 agus 104).

155 Tá feidhm ag na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit de bhun phrionsabal an chomhair dhílis, mar a mheabhraítear i míreanna 152 go 154 den bhreithiúnas seo, *a fortiori*, maidir leo siúd a thagann faoi inniúlachtaí eisiacha an Aontais.

156 Thairis sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 156 dá Tuairim, ag brath ar bhreithiúnas an 14 Márta 1973, *Westzucker*, (57/72, EU:C:1973:30, mír 17), is dlúthchuid ní hamháin de choincheap an Aontais féin, ach freisin den chur i bhfeidhm ar nós imeachta vótála trí thromlach ag an gComhairle go gcuirfidh na Ballstáit a leasanna chun cinn laistigh de na sásraí plé comhchoiteanna arna gcruthú ag na Conarthaí ar mhaithe le cuspóirí an Aontais a chur chun feidhme.

157 Is iomchuí freisin a mheabhrú go bhfuil urramú cinnidh arna ghlacadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 218(9) CFAE ina léiriú sonrach ar an gceanglas maidir le haontacht in ionadaíocht an Aontais, ag eascairt as an oibleagáid comhair dhílis (féach, de réir analaí, breithiúnas an 27 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin*, (C-620/16, EU:C:2019:256, mír 94).

158 Dá réir sin, ar an gcéad dul síos, de bharr nár vótáil sí laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha i gcomhréir le Cinneadh 2021/3 agus, ar an dara dul síos, ós rud é gur chuir sí a heasaontas le Moltaí EDS in iúl go poiblí, a bhí ar an gclár, sháraigh an Ungáir prionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) CAE. Le hiompar den sórt sin, déantar dochar d'éifeachtacht ghníomhaíocht idirnáisiúnta an Aontais agus dá inchreidteacht agus dá chlú sa Domhan Mór.

159 Ina theannta sin, le hargóint an Choimisiúin nár ghlac an Ungáir aon bheart chun iarmhairtí a iompair a leigheas nó ar a laghad chun na hiarmhairtí sin a mhaolú agus amhras a ruaigeadh maidir lena gníomhaíocht sa todhchaí, dírítear ar fhreagra a thabhairt ar líomhaintí na hUngáire gur cás aon uaire a bhí sa vóta atá faoi chonspóid laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus, i bhfianaise na mínithe atá tugtha ag an mBallstát sin, nach bhfuil aon ní a

thugann le tuiscint go bhféadfadh iompar dá leithéid a bheith aici amach anseo. Is leor a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon tionchar ag na cúinsí sin ar an mainneachtain san oibleagáid comhair dhílis a eascraíonn as iompar an Bhallstáit sin, a thugtar faoi deara i mír 157 den bhreithiúnas seo.

160 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, ní mór seasamh leis an tríú hagóid ón gCoimisiún.

161 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní mór a chinneadh, ós rud é nár lean sí seasamh an Aontais le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le liostú cannabais agus substaintí gaolmhara a leasú, ar an gcéad dul síos, gur mhainnigh an Ungáir, ar an gcéad dul síos, sna hoibleagáidí atá uirthi de bhun Chinneadh 2021/3, atá ceangailteach uirthi de bhun Airteagal 218(9) CFAE, arna léamh i bhfianaise an cheathrú mír d'Airteagal 288 CFAE, ar an dara dul síos, gur sháraigh sí inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) CFAE agus, ar an tríú dul síos, gur sháraigh sí prionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear le hAirteagal 4(3) CAE.

Costais

162 Faoi Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ordaítear don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis. Ós rud é go bhfuil iarratas déanta ag an gCoimisiún ar na costais agus nár éirigh leis an gComhairle, is iomchuí a ordú di na costais a íoc.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra):

1. **Ós rud é nár lean sí seasamh an Aontais Eorpaigh le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha de Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe maidir le liostú cannabais agus substaintí gaolmhara a leasú, ar an gcéad dul síos, mhainnigh an Ungáir, sna hoibleagáidí atá uirthi de bhun Chinneadh (AE) 2021/3 ón gComhairle an 23 Samhain 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le liostú cannabais agus substaintí gaolmhara sna sceidil leis an gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna leasú leis an bPrótacal ó 1972, agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971, atá ceangailteach uirthi de bhun Airteagal 218(9) CFAE, arna léamh i gcomhar leis an gceathrú mír d'Airteagal 288 CFAE, ar an dara dul síos, sháraigh sí inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais dá bhforáiltear le hAirteagal 3(2) CFAE agus, ar an tríú dul síos, sháraigh sí prionsabal an chomhair dhílis arna chumhdach in Airteagal 4(3) CAE.**

2. **Ordaítear don Ungáir na costais a íoc.**

Sínithe